



Coimisiún
na Meán

Cáipéis Chomhairliúcháin: Moratóir Craolacháin

Dáta Foilsithe: an 7 Lúnasa 2024

Spríodhata le haghaidh freagra: an 4 Meán Fómhair 2024

Séanadh

Maidir leis na tograí atá sa cháipéis chomhairliúcháin seo níor cheart iad a léamh mar ní lena léirítear nó lena sonraítear seasamh deiridh Choimisiún na Meán maidir le haon cheann de na cúrsaí atá ina n-ábhar do chomhairliúchán. Tabhair faoi deara go mbeidh aon tuairimí maidir le léirmhíniú reachtaíochta nó oibleagáidí Choimisiún na Meán de chineál sealadach agus neamhcheangailteach agus nár cheart iad a léamh mar thuairimí lena léirítear seasamh deiridh Choimisiún na Meán. Déan tagairt do na forálacha reachtacha foluiteacha chun teacht ar ráiteas ar an dlí sa réimse sin.

Clár Ábhar

Achoimre	5
1. Réamhrá	6
1.1. Struchtúr na cáipéise seo	6
1.2. Bunús an mhoratóra	6
1.3. Réamhtheachtaí leis an athbhreithniú seo	7
1.4. Na treoirínte is déanaí	7
2. Cuspóirí beartais an mhoratóra craolacháin	8
2.1. Timpeallacht nua-aimseartha na meán agus na nuachta	9
3. Taighde maidir leis an moratóir agus úsáid nuachta	10
3.1. Pobalbhreith IPSOS B&A	10
3.2. An Tuarascáil ó Reuters ar Nuacht Dhigiteach na hÉireann 2024	12
3.3. An Staidéar Náisiúnta ar Chúrsaí Toghcháin agus Daonlathais	13
3.4. Tuarascáil ón gCoimisiún Toghcháin maidir le Reifrinn ar an Teaghlach agus Cúram	15
4. Roghanna le haghaidh athchóiriú a dhéanamh ar an moratóir craolacháin	15
4.1. Rogha 1: An moratóir a choinneáil mar atá	16
4.2. Rogha 2: Fad an mhoratóra a athrú	17
4.3. Rogha 3: An moratóir a oiriúnú ionas go mbeidh feidhm aige maidir le haicmí cainte níos cúinge 18	
4.4. Rogha 4: Deireadh a chur leis an moratóir agus treoir a chur ina ionad lena bhforchuirtear oibleagáidí dearfacha seachas oibleagáidí diúltacha	20
4.5. Rogha 5: Deireadh a chur leis an moratóir ina iomláine, agus gan ach na forálacha atá fágtha den Chód atá i bhfeidhm a fhágáil	21
5. Ag tabhairt freagra ar an gcomhairliúchán seo	22
5.1. Achar ama le haghaidh freagraí	22



5.2.	Freagra a thabhairt	22
5.3.	Úsáid eolais	22
5.3.1.	Sonraí pearsanta	22
5.3.2.	Eolas rúnda	23
5.3.3.	Saoráil faisnéise	23
Annex A Tost toghcháin i ndlínsí eile		24
A.1.	Achoimre ar phríomhbharúlacha	24
A.2.	Dlínsí Eorpacha eile	25
A.3.	Breathnuithe Choimisiún na Veinése maidir le tost toghcháin	26
A.4.	Dlínsí eile faoin dlí coiteann	26
A.4.1.	An Ríocht Aontaithe	26
A.4.2.	Stáit Aontaithe Mheiriceá	27
A.4.3.	Ceanada	28
A.4.4.	An Astráil	29
Annex B Suirbhé Choimisiún na Meán ó thaobh Dearcaidh: Clúdach Toghcháin agus Srianta Craolta		31
B.1.	Réamhrá	31
B.2.	Torthaí	31
B.2.1.	Iníúchadh a dhéanamh ar na foinsí meán a úsáideadh riamh	31
B.2.2.	Na foinsí meán a bhí in úsáid ag agallaithe do nuacht agus eolas timpeall toghchán agus reifreann	32
B.2.3.	Tionchar na meán is tábhachtaí ar an gcinneadh vótála	33
B.2.4.	Tuairim agallaithe ar rialacha craolacháin	34
B.2.5.	Tuairim i ndáil leis na srianta craolacháin a choinneáil, a bhaint nó a mhodhnú	34
B.2.6.	Cúiseanna tacaíochta chun srianta a choimeád	35
B.2.7.	Cúiseanna tacaíochta chun srianta a bhaint	36
B.2.8.	Iompraíocht vótála sna toghcháin áitiúla agus Eorpacha	36

Achoimre

Tá an moratóir craolacháin ina ghné de threoir rialála arna heisiúint ag Coimisiún na Meán ('an Coimisiún') faoin gCód maidir le Cothroime, Oibiachtúlacht agus Neamhchlaontacht i gCláir Nuachta agus Cúrsaí Reatha ag a bhfuil feidhm maidir le craoltóirí. Leis an moratóir, cuirtear toirmeasc ar shaincheisteanna toghcháin/reifrinn ar mheáin chraolta ó 2pm an lá roimh an toghchán/an reifreann go dtí an tráth a dhúntar an vótaíocht lá na vótála, ag 10pm an lá sin de ghnáth.

Leis an gCáipéis Chomhairliúcháin seo fiafraítear cé acu ba cheart nó nár cheart, agus dá mb'amhlaidh ba cheart, conas ba cheart an moratóir a athchóiriú. Measann an Coimisiún gurb iad seo a leanas na cúig phríomhrogha le haghaidh athchóiriú atá ann:

1. an moratóir a choimeád go díreach mar atá faoi láthair,
2. féachaint chuige go mairfidh an moratóir ar feadh tréimhse níos faide nó níos gairide,
3. an moratóir a athrú chun nach n-áireofar ach cineálacha clúdaigh craolacháin níos teoranta,
4. deireadh a chur leis an moratóir agus oibleagáid dhearfach ar chraoltóirí a chur ina ionad, mar shampla oibleagáid chun cúram ar leith a ghlacadh maidir le hábhar lena dtugtar aghaidh ar shaincheisteanna toghcháin nó reifrinn sa tréimhse roimh reifreann nó toghchán,
5. deireadh a chur leis an moratóir agus gan aon ní a chur ina ionad, agus clúdach craolacháin ar ábhar toghcháin nó reifrinn a fhágáil lena rialáil leis an gcuid eile den Chód maidir le Cothroime, Oibiachtúlacht agus Neamhchlaontacht i gCláir Nuachta agus Cúrsaí Reatha.

Lorgaíonn an Coimisiún do thuairim maidir le hoiriúnacht aon cheann de na roghanna sin, nó aon rogha eile le haghaidh athchóiriú ar an moratóir craolacháin nach mbreithnítear sa Cháipéis seo agus a measann tú gur cheart í a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Is den tábhacht a thabhairt faoi deara nach bhfuil feidhm ag an moratóir ach maidir le craoltóirí. Maidir leis an moratóir a leathnú chun go mbeadh feidhm aige maidir le cineálacha meán nach gcumhdaítear faoi láthair, amhail meáin chlóite, meáin ar líne, nó meáin chlosamhairc ar éileamh, ní rogha le haghaidh athchóiriú é sin a bhreithnítear sa chomhairliúchán seo.

Chun tacú leis an mbreithniú ar na roghanna atá ar fáil agus a leagtar amach thuas, leis an gCáipéis seo tugtar faoi deara taighde ábhartha maidir le húsáid na meán agus na nuachta, lena n-áirítear úsáid na meán sa tréimhse roimh reifrinn mhí an Mhárta 2024 agus i ndiaidh thoghcháin áitiúla agus Eorpacha mhí an Mheithimh 2024. Tá sé ríthábhachtach tuiscint a fháil ar conas a fhaigheann an pobal rochtain ar nuacht agus eolas polaitiúil trí réimse foinsí meán, agus sin chun tuiscint a fháil ar fhor-rochtain éifeachtach an mhoratóra craolacháin.

Ina theannta sin, in Iarscríbhinn A den Cháipéis Chomhairliúcháin seo tá eolas maidir le forálacha moratóra i ndlínsí eile. Is forálacha dlíthiúla iad sin, cibé acu de chineál riaracháin nó reachtúil, lena gcuirtear srianadh áirithe ar shaoirse cainte sa tréimhse roimh vóta poiblí. Leis sin cuirtear moratóir na hÉireann – ar sampla é d'fhoráil tosta toghcháin – i bpeirspictíocht idirnáisiúnta. Bunaithe ar na dlínsí a bhreithnítear san Iarscríbhinn sin, níl aon chomhdhearcadh soiléir ann maidir le forálacha tosta toghcháin. Déanann dlínsí áirithe foráil maidir leo, agus ní dhéanann dlínsí eile amhlaidh.

In Iarscríbhinn B den Cháipéis Chomhairliúcháin seo tá tuarascáil taighde atá coimisiúnaithe ag an gCoimisiún agus atá déanta ag IPSOS B&A tar éis na dtoghchán áitiúil agus Eorpach a réachtáladh an 7 Meitheamh 2024. Tá súil ag an gCoimisiún go mbeidh na sonraí sin ina gcuidiú chun eolas a dhéanamh dá mbreithniú ar an moratóir craolacháin chomh maith leis an gcomhairliúchán poiblí a eascraíonn as an gCáipéis seo.

Tá cur síos maidir le **conas freagra a thabhairt ar an gCáipéis seo** leagtha amach i gcuid 5.



1. Réamhrá

Is é Coimisiún na Meán rialálaí na hÉireann le haghaidh craolacháin, meáin chlosamhairc ar éileamh, sábháilteacht ar líne agus fhorbairt na meán. Bunaíodh an Coimisiún an 15 Márta 2023 le halt 6 den Acht Craolacháin 2009 ('Acht 2009') arna chur isteach le halt 8 den Acht um Rialáil Sábháilteachta ar Líne agus na Meán 2022 ('Acht 2022').¹ Rinneadh cumhachtaí agus feidhmeanna Údarás Craolacháin na hÉireann ('an tÚdarás') a aistriú chuig an gCoimisiún faoi Chuid 16 d'Acht 2022.

1.1. Struchtúr na cáipéise seo

Cúig chuid atá sa Cháipéis Chomhairliúcháin seo.

Leis an **Achoimre** leagtar amach achoimre ardleibhéil ar an bPáipéar Comhairliúcháin, lena n-áirítear na roghanna le haghaidh athchóiriú ar an moratóir atá á bhreithniú ag an gCoimisiún.

Cuid 1: Leis an **Réamhrá** déantar cur síos ar an gcomhthéacs le haghaidh an mhoratóra, lena n-áirítear cumhachtaí reachtúla an Choimisiúin faoina n-eisítear é, agus téacs an mhoratóra is déanaí a rinne an Coimisiún. Maidir le toghcháin, ba é sin an moratóir a rinneadh roimh thoghcháin áitiúla, Eorpacha agus méara 2024. Maidir le reifrinn, ba é sin an moratóir a rinneadh roimh reifrinn mhí an Mhárta 2024 ar an teaghlach agus cúram.

Cuid 2: Le **cuspoirí an mhoratóra craolacháin** déantar cur síos ar spriocanna beartais ginearálta an mhoratóra. Is ann dóibh sin chun éascaíocht a dhéanamh do mhachnamh pearsanta thar ceann vótálaithe roimh na toghcháin agus na reifrinn, agus laghdú a dhéanamh freisin ar an dóchúlacht go mbeadh mífhaisnéis nó bréagaisnéis á scaipeadh go forleathan agus go ndéanfaí dochar leis sin don phróiseas vótála féin.

Cuid 3: Le **taighde maidir le húsáid nuachta** leagtar amach roinnt taighde atá ar fáil maidir leis an méid a úsáideann daoine go coitianta le haghaidh úsáid nuachta agus an tionchar a bhíonn aige sin ar a roghanna vótála. Bealach atá ann sin chun éifeacht nó for-rochtain an mhoratóra a chomhfhogasú.

Cuid 4: Le **roghanna chun an moratóir craolacháin a athchóiriú** leagtar amach na roghanna chun athchóiriú a dhéanamh ar an moratóir atá á bhreithniú ag an gCoimisiún. Téann siad sin ón moratóir a choimeád, agus sin amháin, go deireadh a chur leis gan athsholáthar. Tá réimse roghanna ann idir an dá sheasamh sin lena n-athraítear an moratóir nó lena ndéantar iarracht a chuspóirí beartais a shaothrú ar mhodhanna éagsúla.

Cuid 5: **Ach freagra a thabhairt ar an gcomhairliúchán seo** tugtar orduithe do fhreagróirí maidir le conas freagra a thabhairt ar na ceistanna le haghaidh comhairliúcháin a chuirtear sa Cháipéis seo.

1.2. Bunús an mhoratóra

Is éard atá sa mhoratóir beartas rialála seanbhunaithe atá á chur i bhfeidhm ag an gCoimisiún chomh maith leis na rialálaithe craolacháin a tháinig roimhe agus cuireadh i bhfeidhm é ar feadh os cionn 30 bliain. Faoi alt 42 d'Acht 2009 mar a bhí, sula ndearnadh leasuithe ar an Acht sin le hAcht 2022, éilíodh ar an Údarás

¹ [An tOrdú um an Acht um Rialáil Sábháilteachta ar Líne agus na Meán 2022 \(Tosach Feidhme\) 2023](#) (I.R. Uimh. 71 de 2023).

cóid chraolacháin a dhéanamh lena ndearnadh foráil maidir le hábhair áirithe. Cóid a bhí iontu sin lena rialaíodh caighdeán agus cleachtais a bhí le comhlíonadh ag craoltóirí, lena n-áirítear caighdeán chothroime sa chaoi a gcrailtar cúrsaí reatha. Faoi alt sin, d'ullmhaigh an tÚdarás cóid chraolacháin éagsúla, lena n-áirítear Cóid maidir le Cothroime, Oibiachtúlacht agus Neamhchlaontacht i gCláir Nuachta agus Cúrsaí Reatha ('an Cóid'). Le mír 27 den Chód ceanglaítear go gcuimhdíodh craoltóirí toghchán nó reifreann chun treoirínite nó cóid chleachtais atá eisithe ag an gCoimisiún a chomhlíonadh.² Áirítear leis sin cur i bhfeidhm an mhoratóra.

1.3. Réamhtheachtaí leis an athbhreithniú seo

Le linn 2022 agus 2023, rinne an tÚdarás athbhreithniú ar roinnt dá chóid reachtúla faoi alt 45 d'Acht 2009 mar a bhí. Measadh go raibh an Cóid mar chuid den athbhreithniú seo agus bhí glaonna sonracha ann ó pháirtithe leasmhara chun athbhreithniú a dhéanamh ar an moratóir le linn an phróisis sin. Dá bhrí sin, tá athbhreithniú ar an moratóir á chur chun cinn ag an gCoimisiún agus tá an próiseas comhairliúcháin ar ndéantar cur síos sa Cháipéis seo ina chuid den athbhreithniú sin.

1.4. Na treoirínite is déanaí

Mar atá leagtha amach faoi láthair, **cuirtear tús** leis an tréimhse mhoratóra **ag 2pm an lá sula n-osclaítear an vótáil** agus cuirtear deireadh léi **an lá vótála nuair a dhúntar an vótáil (10pm go hiondúil an lá sin)**. Níl feidhm aici **ach amháin** maidir le **craoltóirí**.

Maidir le toghcháin, is é an treoir a d'eisigh an Coimisiún gurb amhlaidh le linn na tréimhse moratóra nár cheart do chraoltóirí an méid seo a leanas a chlúdach—

- (1) plé agus anailís ar shaincheistanna toghcháin,
- (2) tuillteanas nó eile iarrthóirí toghcháin agus/nó a mbeartas (nó beartais ghaolmhara a bpáirtí polaitíochta).

Maidir le reifrinn, is é an treoir a d'eisigh an Coimisiún gurb amhlaidh le linn na tréimhse moratóra nár cheart do chraoltóirí an méid seo a leanas a chlúdach—

- (1) ábhar a bhaineann go díreach le saincheistanna reifrinn agus leasú (leasuithe) bunreachtála lena mbaineann, lena n-áirítear ábhar a bhaineann le tuillteanas nó eile maidir le saincheistanna reifrinn agus/nó leasuithe bunreachtúla a bheartaítear.

Cé acu a bhaineann nó nach mbaineann an moratóir le toghchán nó reifreann, foilsíonn an Coimisiún treoir ghinearálta chun cúnamh a thabhairt do chraoltóirí leis an moratóir a chur i bhfeidhm. Áirítear na príonsabail seo a leanas sa treoir sin:

- Níl an moratóir beartaithe le bac a chur ar chlúdach scéalta dlísteanacha nuachta agus cúrsaí reatha nach mbaineann leis an toghchán ná leis an reifreann. Mar sin féin, ba cheart do chraoltóirí seachaint a dhéanamh ar ábhar (lena n-áirítear scéalta nuachta úra ag teacht isteach) a chraoladh a chreideann an craoltóir a bheith beartaithe le tionchar a imirt nó ionramháil a dhéanamh ar chinntí vótálaithe le linn thréimhse an mhoratóra agus/nó ar dóigh dó déanamh amhlaidh. Is ceist eagarthóireachta í sin atá le breithniú de réir cáis.

² Leis an gCód tagraítear fós d'Údarás Craolacháin na hÉireann. Mar sin féin, tá na tagairtí uile don Údarás le forléiriú mar thagairtí don Choimisiún: [alt 60\(2\) den Acht um Rialáil Sábháilteachta ar Líne agus na Meán 2022](#).

Ba cheart aird ar leith a thabhairt do na tuairimí a chuireann aon rannpháirtí i gclár in iúl le linn na tréimhse a chlúdaíonn an moratóir.

- Ba cheart bearta a dhéanamh chun a áirithiú nach mbeidh ábhar a sháródh an moratóir san áireamh in athchraoltaí cláir a sceidealaítear le linn an mhoratóra. Moltar do chraoltóirí clár malartach a sceidealú le go seachnaítear sárúithe teagmhasacha an mhoratóra.
- Ceadaítear clúdach ar fhíricí neamhchospóideacha a bhaineann leis an vótaíocht (e.g. uaireanta oscailte na stáisiún vótaíochta, tuairiscí fíorasacha faoi vótáil ceannairí páirtí polaitíochta agus ionadaithe eile do leasanna toghcháin nó reifrinn) fad a bheidh an clúdach sin de réir an mhoratóra.
- Leathnaíonn an moratóir chuig gach réimse den chlársceidealú, lena n-áirítear léirmheasanna nuachtáin, clúdach pobalbhreitheanna, fógraí faisnéise etc. Bíonn aire ar leith riachtanach agus ráiteas á thabhairt ar léirmheasanna nuachtáin, ábhar ar líne nó na meáin shóisialta nó iad á gclúdach mar nach mbíonn siad faoi réir an mhoratóra.
- Pobalbhreitheanna díreach tar éis na vótála, a dhéantar lasmuigh de stáisiúin vótála ar lá na vótála agus a mheasann conas a vótáil daoine i ndáiríre, ní féidir iad a chraoladh ach tar éis dhúnadh na mbothanna vótála.

2. Cuspóirí beartais an mhoratóra craolacháin

Tá an moratóir craolacháin ina shrian ar an gceart chun saoirse cainte mar atá cosanta faoi Airteagail 40.6.1^o.i agus 40.3 (mar cheart nach n-áirítear) den Bhunreacht agus Airteagal 10 den Choinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine. Mar shrian ar an gceart sin, leis an moratóir ní mór coinníollacha comhréireachta áirithe a chomhlíonadh³ chomh maith le haon choinníollacha sa téacs bunreachtúil féin.⁴ Fágann sin nach mór cuspóir lena bhfuil tábhacht leordhóthanach a shaothrú leis a bhaineann le riachtanais phráinneacha agus shuntasacha i sochaí shaor agus dhaonlathach agus nach mór na modhanna a roghnaítear chun an cuspóir a chomhlíonadh a bheith nasctha go réasúnta leis an gcuspóir sin, nach mór cur isteach ar an gceart leo a laghad agus is féidir, agus nach mór iad a bheith comhréireach go ginearálta.

Níl srianta den chineál sin anaithnid go hiomlán faoi dhíl na hÉireann. Mar shampla, le halt 147 den Acht Toghcháin 1992 cuirtear toirmeasc ar réimse gníomhaíochtaí cainte agus cóimeála laistigh de 50 méadar ó stáisiún vótaíochta.⁵ Tá na srianta sin beartaithe chun sibhialtacht agus ord a chur chun cinn i gcomharsanacht na stáisiún vótaíochta chomh maith lena cheadú do vótálaithe vóta a chaitheamh i dtimpeallacht atá saor ó ghníomhaíochtaí comhéigneacha nó cumarsáid.

I gcás an mhoratóra craolacháin, ar a dtugtar go hiondúil níos minice ná a mhalairt i ndlínsí eile agus sa litríocht acadúil 'tréimhse thosta', is é an cuspóir foriomlán atá ann an daonlathas breithniúcháin a chosaint agus a éascú. Sin an coincheap go bpléann saoránaigh i ndaonlathas le chéile gan srian agus go cothrom ar shaincheisteanna polaitiúla a bhfuil tionchar acu orthu. Le plé ardcháilíochta neartaítear an daonlathas,

³ Féach *Heaney in aghaidh na hÉireann* [1994] 3 IR 593, ar leathanach 607 le haghaidh ráiteas tosaigh na tástála i gcúirteanna na hÉireann. Le haghaidh breithniú a rinneadh le déanaí sa Chúirt Uachtarach, féach breithiúnas O'Donnell CJ in *O'Doherty in aghaidh an Aire Sláinte* [2022] IESC 32.

⁴ Mar shampla, le [hAirteagal 40.6.1^o.i](#) ceadaítear don Stát saoirse cainte a shrianadh chun an 't-ord poiblí agus moráltacht' a chosaint.

⁵ Sa srian a bhí ann ar dtús, laistigh de 100 méadar ó stáisiún vótaíochta a bhí i gceist. Laghdaíodh an méid sin chuig 50 méadar le leasú ar alt 147 a rinneadh le [halt 33 den Acht Toghcháin \(Leasú\) 2001](#).

agus leis an gcineál sin plé éilítear ar rannpháirtithe sa daonlathas rochtain a bheith acu ar eolas beacht ar a bhféadfaidh siad a gcuid tosaíochtaí agus tograí beartais a bhunú. Is féidir cur as dó sin ach mífhaisnéis nó bréagaisnéis a scaipeadh.

Ar leibhéal an-ghinearálta, tá sé d'aidhm ag an moratóir craolacháin dhá chuspóir beartais ar a laghad a chur chun cinn:

- (1) leis sin féachtar leis an **daonlathas a fheabhsú** tríd an méid seo a leanas—
 - (a) cuidiú le **cothromaíocht** a áirithiú i measc vótálaithe ionas go mbeidh an t-eolas céanna ar fáil do gach vótálaí, gan beann ar an tráth den lá a vótálann siad, le vótálaithe eile maidir le saincheisteanna polaitiúla suntasacha;
 - (b) cuidiú le **timpeallacht eolais mhaith** a bhaint amach trína dhéanamh níos deacra eolas a scaipeadh go forleathan gar go leor do thoghchán, ar eolas é a d'fhéadfadh a bheith neamhfhoraithe, ar dheacair é a fhíorú, nó a bhféadfadh sé gur deacair a thábhacht a mheas, arb é a d'fhéadfadh teacht as sin go mbeadh tionchar feabhsaithe nó saobhach ar thoradh an vóta;
- agus,
- (2) leis sin féachtar le **féinriail vótálaithe a urramú** ach am a thabhairt don vótálaí chun machnamh a dhéanamh ar a thuairim nó ar a tuairim agus ar a sheasamh nó ar a seasamh agus an vótálaí a shaoradh ó chur isteach sa phróiseas sin trí na meáin, lena n-áirítear ach laghdú a dhéanamh ar nochtadh vótálaithe do mhífhaisnéis agus bréagaisnéis a d'fhéadfadh an bonn a bhaint dá neamhspleáchas vótála.

2.1. Timpeallacht nua-aimseartha na meán agus na nuachta

I ré ina bhfuil timthriall meán agus nuachta ag gluaiseacht go mear, agus úsáid mhéadaitheach á baint as nuacht ar líne, d'fhéadfaí a áitiú nach mbaintear amach leis an moratóir atá curtha le chéile faoi láthair na haidhmeanna beartais sin go héifeachtach.

I dtimpeallacht nuachta an lae inniu, is féidir go dtarlóidh scaipeadh forleathan eolais ag an nóiméad deireanach ar líne. Tharla eachtra den chineál sin le linn na tréimhse moratóra roimh na reifrinn a reáchtáladh níos luaithe i mbliana, nuair a sceith suíomh gréasáin cáipéis Rialtais go díreach i ndiaidh 2 pm an lá roimh an reifreann. Sa tréimhse sular osclaíodh an vótáil, ba dheacair ar vótálaithe nó soláthraithe nuachta eile a fhíorú cé acu a bhí nó nach raibh an cháipéis fíor nó tuiscint iomlán a fháil ar na himpleachtaí do na saincheisteanna a bhí i dtreis sna reifrinn.

Leis an moratóir reatha cuirtear cosc ar chraoltóirí cur leis an eolas sin agus dá réir sin an tionchar diúltach ar an timpeallacht eolais á dhéanamh níos measa. Ach cur le heolas neamhfhoraithe ar líne cuirtear leis an dochar féideartha a dhéantar de dheasca an eolais sin ós rud é go dtugtar pobal níos leithne dó a bhféadfaí dul i bhfeidhm air mar gheall air nó a d'fhéadfadh gníomhú mar thoradh air d'ainneoin go bhfuil sé bréagach. Is féidir tionchar tromchúiseach a bheith aige sin ar imeachtaí toghcháin.

Ar an taobh eile, leis an moratóir reatha cuirtear cosc ar chraoltóirí clúdach cothrom, neamhchlaonta agus cruinn a chur i láthair nuair atá eolas ag an nóiméad deireanach á scaipeadh ar líne agus leis sin d'fhéadfaí cosc a chur orthu tionchair dhiúltacha ar an timpeallacht eolais a mhaolú go fónta. Is féidir go ndéanfar damáiste leis an moratóir do chothromaíocht vótálaithe freisin toisc go bhféadfadh vótálaithe a fhaigheann eolas ar líne eolas éagsúil a bheith acu leo sin nach mbíonn ag brath ach ar fhoinsí eolais eile.

Tá athbhreithniú an Choimisiúin ar an moratóir bunaithe ar chur chuige fianaisebhunaithe maidir le meastóireacht a dhéanamh ar an méid a chomhlíontar na cuspóirí beartais a leagtar amach thuas sa

timpeallacht nuachta reatha leis an moratóir (nó roghanna eile). Spreagtar freagróirí dá bhrí sin chun a machnamh a dhéanamh ar na cuspóirí beartais sin agus a bhfreagraí á dtabhairt, tagairt a dhéanamh do na sonraí agus don taighde a chuirtear i láthair i gCuid 3, agus aon fhianaise nó sonraí eile a sholáthar chun tacú lena dtuairimí.

Ceisteanna le haghaidh comhairliúcháin

- C. 1** Cé chomh tábhachtach atá na cuspóirí beartais a leagtar amach i gCuid 2 chun feabhas a chur ar cheart daoine aonair chun bheith rannpháirteach i saorthoghcháin? An ann do chuspóirí beartais eile ba cheart do Choimisiún na Meán a chur san áireamh dar leat? Cén meáchan ba cheart a chur ar na cuspóirí a leagtar amach i gCuid 3 agus tionchar na roghanna éagsúla a leagtar amach sa Cháipéis seo á chothromú in aghaidh na saoirse chun tuairimí a nochtadh?
- C. 2** An measann tú, ar an iomlán, gurb é is dóchúla leis an moratóir reatha go dtacófar leis na cuspóirí beartais a leagtar amach i gCuid 2, nó go mbainfeadh an bonn díobh leis?

3. Taighde maidir leis an moratóir agus úsáid nuachta

Maidir le cé acu a bhaintear nó nach mbaintear amach a chuspóirí beartais leis an moratóir, is ábhar eimpíreach é sin go pointe áirithe a bheidh ag brath ar cheisteanna amhail:

- an idirghníomhaíonn craoltóirí le meáin chraolta mar fhoinsé nuachta?
- má phléann vótálaithe le foinsí éagsúla nuachta, an bhfuil níos mó muiníne acu i bhfoinsí áirithe ná a chéile?
- an úsáideann vótálaithe eolas nuachta chun a gcuid tosaíochtaí a chur le chéile maidir le conas vótáil? Má úsáideann, cathain agus conas a dhéanann siad sin?

I bhfocail eile, ní mór do vótálaithe idirghníomhú go mór le meáin chraolta, ní mór do vótálaithe muinín a chur san eolas a fhaigheann siad ó mheáin chraolta agus é a úsáid, agus leis an eolas sin ní mór tionchar a imirt ar vótálaithe chun a gcuid tosaíochtaí vótála iarbhír a chur le chéile. Ina theannta sin, má chuireann vótálaithe a gcuid tosaíochtaí le chéile sula dtagann an moratóir i ngníomh, fiú amháin má bhaineann siad úsáid as meáin chraolta agus má chuireann siad muinín iontu, ansin níl aon éifeacht fhíor aige (an moratóir) ar thorthaí.

Cé go bhfuil taighde teoranta ar fáil lena bhfiosraítear na ceisteanna sin i gcomhthéacs na hÉireann, leis an gcuid seo déantar cur síos i bhforléargas ar chuid de na staidéir agus de na sonraí atá ar fáil.

3.1. Pobalbhreith IPSOS B&A

D'fhostaigh an Coimisiún IPSOS B&A chun suirbhé a dhéanamh agus roinnt ceisteanna á bhfiafraí maidir le húsáid na meán timpeall toghchán agus éifeachtacht an mhoratóra go sonrath. Cuireadh an suirbhé faoi bhráid sampla atá ionadaíoch go náisiúnta de 1,000 duine fásta idir dátaí an 8 Meitheamh agus an 14 Meitheamh, go díreach tar éis na dtoghchán áitiúil agus Eorpach a reáchtáladh an 7 Meitheamh 2024.

Maidir le húsáid meán, tá torthaí phobalbhreith IPSOS B&A cosúil leo sin atá le fáil sa Tuarascáil ó Reuters ar Nuacht Dhigiteach na hÉireann 2024 (rud a phléitear thíos). Maidir le foinsí eolais go ginearálta, de réir phobalbhreith IPSOS B&A úsáideann líon suntasach freagróirí bileoga eolais eolasacha, cuairteanna ó dhoras go doras agus póstaer (74%), agus an raidió (64%), an teilifís (62%), nuacht ar líne (56%) agus na



meáin shóisialta (51%) ina dhiaidh sin. Mar sin féin, nuair a fiafraíodh cén ceann de na foinsí sin ba thábhachtaí don fhreagróir ó thaobh eolas a fháil do na toghcháin go sonrach, bhí na torthaí níos cothroime trasna gach ceann de na foinsí sin.

Leis an suirbhé léirítear go n-úsáideann níos mó ná seachtar as deichniúr ar fud na n-aoisghrúpaí uile meáin chraolta teilifíse agus raidió. Meallann na meáin sin líon lucht spéise is airde ná an meán san aoisghrúpa 55+ (89% don teilifís agus 87% don raidió). Úsáideann iad sin idir 35-54 (66%), mná (65%), agus iad sin ag an obair (66%) an nuacht ar líne méid is airde ná an meán. Maidir le húsáid aipeanna curtha teachtaireachtaí, baintear an bhuaic amach i measc iad sin atá idir 35-54 d'aois (91%), agus i measc ban (87%). Maidir le húsáid na meán sóisialta i measc lucht spéise níos óige, baintear an bhuaic amach go sonrach ina measc sin atá idir 18-34 (95%) agus 35-54 (82%).

I measc an aoisghrúpa 55+, tá teilifís agus raidió na hÉireann ar na príomhfhoinsí eolais i gcomhthéacs toghchán agus reifreann. Shainaithin níos mó ná leath (58%) na bhfreagróirí san aoisghrúpa sin an teilifís nó an raidió mar a bpríomhfhoinsí eolais toghchán nó reifrinn. Ar an mbealach céanna, ina measc sin sa ghrúpa socheacnamaíoch C2DE, iad sin nach bhfuil ag obair agus a chríochnaigh an t-oidreachas roimh an 3ú leibhéal, tá na meáin chraolta sa chéad áit. Tá úsáid an raidió láidir go mór mór i réigiún Chonnacht/Uladh.

Ós rud é go n-úsáideann beagnach gach duine san aoisghrúpa 18-34 bliain d'aois na meáin shóisialta, ní iontas ar bith é go n-eascaíonn an t-ardán sin mar an fhoinsí eolais toghchán is tábhachtaí i measc an ghrúpa sin (29%) agus eolas iarrthóirí (24%) agus nuacht ar líne agus suíomhanna gréasáin (18%) ina dhiaidh sin. Níor luaigh ach 13% den ghrúpa sin an raidió nó an teilifís. Tá na meáin shóisialta ar an bhfoinsí is tábhachtaí freisin don aoisghrúpa 35-54 (22%) ach leanann an raidió agus an nuacht ar líne iad díreach ina dhiaidh sin (18% an ceann).

Cuireadh roinnt ceisteanna sonracha ar fhreagróirí an tsuirbhé freisin maidir leis an moratóir. Nuair a fiafraíodh díobh cé acu a mheas siad nó nár mheas siad go raibh an moratóir éifeachtach, mheas formhór na bhfreagróirí (52%) **nach** bhfuil sé éifeachtach, agus mheas 40% díobh gurb amhlaidh atá éifeacht leis.⁶ Mar sin féin, nuair a fiafraíodh díobh cé acu ba cheart nó nár cheart an moratóir a athrú, a choimeád mar atá nó a bhaint, bhí na torthaí beagáinín níos measctha. Cheap 41% de na freagróirí – beagnach an líon céanna a mheas go raibh an moratóir éifeachtach – gur cheart an moratóir a choimeád mar atá. Cheap 23% díobh gur cheart srianta a bheith ann le linn na n-uaireanta vótaíochta amháin agus cheap 32% díobh nach raibh gá le srianta agus gur cheart iad a bhaint.⁷

Ina measc sin a úsáideann na meáin chraolta mar a bpríomhfhoinsí eolais le haghaidh toghchán nó reifreann, chreid 47% díobh gur cheart an moratóir a choimeád mar atá, cheap 22% díobh gur cheart don mhoratóir leanúint de bheith ann ach le mionathruithe, agus creideann 28% nach bhfuil gá leis an moratóir agus gur cheart é a bhaint. Ba é ba mhó a moladh i measc an aoischoirt 18-34 bliana d'aois (30%) agus ban (26%) gur cheart an moratóir a choinneáil ach mionathruithe a dhéanamh. Dar le 32% díobh níl gá leis na srianta agus ba cheart iad a bhaint agus fuair an moladh sin níos mó tagairtí i measc an aoisghrúpa 35-54 bliana d'aois.

Rinneadh breathnuithe áirithe i leith na gcúiseanna ar cheap daoine aonair gur cheart an moratóir a choinneáil nó a bhaint. Fiafraíodh de fhreagróirí an phríomhchúis a shainaithint chun tacú lena seasamh.

⁶ Maidir leis an 8% de na freagróirí a bhí fágtha, ní raibh aon tuairim acu nó níor chuir siad a dtuairim in iúl.

⁷ Maidir leis an 4% de na freagróirí a bhí fágtha, ní raibh tuairim acu nó níor chuir siad an tuairim sin in iúl.

Ina measc sin a bhí i bhfabhar an moratóir a **choinneáil** i bhfoirm éigin, ba iad na trí chúis ba choitianta leis sin:

1. tá cinneadh déanta ag daoine cheana féin sula dtagann na srianta in éifeacht (27%);
2. maidir le heolas ag an nóiméad deireanach, cibé acu de chineál beacht nó míthreorach, is féidir tionchar a bheith aige ar chinntí (22%);⁸
3. teastaíonn am agus spás ó dhaoine chun a gcinneadh a dhéanamh (21%).

Ina measc sin a cheap gur cheart an moratóir a **bhaint**, ba iad na trí chúis ba choitianta leis sin:

1. tá daoine neamhchosanta ar chlúdach toghcháin ar na meáin shóisialta nó i nuachtáin ar aon nós (32%);⁹
2. ní dhéanann na srianta difear ar bith don chaoi a vótáilann daoine (30%);¹⁰
3. tá rochtain ar eolas de dhíth ar dhaoine ós rud é go bhféadfadh sé a bheith ina chuidiú agus cinneadh á dhéanamh maidir le conas vóta a chaitheamh (12%).

Is ábhar spéise é a thabhairt faoi deara maidir leis na cúiseanna is coitianta leis an moratóir a choinneáil nó le deireadh a chur leis, go dtagann siad le chéile ar an bpointe go gcreideann freagróirí sa dá ghrúpa nach ndéanann an moratóir aon difear don chaoi a gcaitheann daoine vóta. Tríd is tríd, tagann sin le chéile le tromlach beag de fhreagróirí an tsuirbhé a léirigh nach bhfuil an moratóir éifeachtach.

3.2. An Tuarascáil ó Reuters ar Nuacht Dhigiteach na hÉireann 2024

Leis an Tuarascáil ar Nuacht Dhigiteach na hÉireann tuairiscítear gach bliain ar thriúdhreach nuacht agus mheáin na hÉireann. Foilsíonn an Coimisiún an Tuarascáil sin i gcomhar le FuJo OCBÁC (Institiúid OCBÁC le haghaidh na Meán, an Daonlathais agus na Sochaí). Tuairiscítear léi ar bhealach níos mionsonraithe ar Éirinn mar chuid den Tuarascáil bhliantúil ó Reuters ar Nuacht Dhigiteach na hÉireann arna coimisiúnú ag Institiúid Reuters chun Staidéar a dhéanamh ar Iriseoireacht ag Ollscoil Oxford. An 7 Meitheamh 2024, foilsíodh an Tuarascáil ar Nuacht Dhigiteach na hÉireann 2024, an deichiú Tuarascáil dá leithéid, agus tá roinnt torthaí suntasacha inti a bhaineann leis an moratóir:¹¹

- Tá difríocht mhór idir aoischohóirt maidir le dearcthaí i leith na nuachta: maidir le daoine de na cohóirt is óige (e.g. 18-24), tá spéis ‘as cuimse’ nó ‘mhór’ acu sa nuacht i gcomparáid le cohóirt níos sine (e.g. 65+).¹²

⁸ I measc an chohóirt níos óige idir 18-34 bliana d’aois a thacaíonn leis an moratóir a choinneáil, ceapann 38% díobh gur féidir tionchar a bheith ag an eolas ag an nóiméad deireanach, cibé acu atá sé beacht nó nach bhfuil, ar chinntí vótála. Is é is dóichí gurb é an grúpa sin a úsáidfidh na meáin shóisialta mar a phríomhfhoinsé eolais.

⁹ Táthar den tuairim sin go pointe níos mó i measc an ghrúpa shocheacnamaíoch ABC1 (41%) agus iad sin a úsáideann meáin neamhchraolta eile mar a bpríomhfhoinsé eolais (38%).

¹⁰ Maidir leo sin atá 55+ bliain d’aois, iad sin atá sa ghrúpa socheacnamaíoch C2DE, agus iad sin atá ag brath ar mheáin chraolta chun eolas a fháil ar na toghcháin, is mó seans gurb iadsan a déarfadh nach ndéanann na srianta aon difear don chaoi a gcaitheann daoine vóta.

¹¹ Tá an téacs den Tuarascáil le fáil anseo: https://www.cnam.ie/wp-content/uploads/2024/06/20240607_DNR-2024_DMB.pdf

¹² An Tuarascáil ó Reuters ar Nuacht Dhigiteach na hÉireann 2024, leathanach 24.



- Maidir leo sin atá os cionn 35 bliain d'aois, léirigh siad spéis i bhfad níos mó sa nuacht áitiúil, sa nuacht idirnáisiúnta agus sa nuacht pholaitiúil.¹³
- I gcás 40% de na freagróirí 'd'aontaigh siad go láidir' nó 'bhí claonadh acu a aontú' go raibh siad traochta leis an méid nuachta.¹⁴ Rud atá bainteach leis sin, bhí méadú géar ann ar an sciar díobh a thuairiscigh gur sheachain siad an nuacht go gníomhach (44% in 2024, suas ó 34% in 2023).¹⁵
- Den chéad uair ó foilsíodh an Tuarascáil, sháraigh foinsí nuachta ar líne¹⁶ an teilifís mar an phríomhfhoinsé nuachta do fhreagróirí suirbhé.¹⁷
- Tá difríochtaí áirithe ann maidir le conas a úsáideann aoischohóirt éagsúla na meáin ar líne: sna haoisghrúpaí 18-24 agus 65+ araon, bhí an sciar de na freagróirí a thuairiscigh go raibh 'nuacht ar líne' (**seachas** na meáin shóisialta) ar a bpríomhfhoinsé nuachta cosúil le chéile; mar sin féin, bhí an sciar de na freagróirí a thuairiscíonn 'na meáin shóisialta' mar a bpríomhfhoinsé nuachta i bhfad níos airde i measc an chohóirt 18-24 bliana d'aois.¹⁸
- Go ginearálta, de réir mar a théitear in aois, tagann méadú seasta ar an úsáid a bhaintear as formáidí clóite, teilifíse agus raidió níos traidisiúnta agus, os a choinne sin, tagann laghdú ar an úsáid a bhaintear as na meáin shóisialta. Tá úsáid foinsí ar líne seachas na meáin shóisialta sách cothrom ar fud na n-aoischohóirt uile, agus tá méadú beag ann i measc cohóirt níos sine. Tá sciar iomlán níos ísle ag na meáin chlóite (18%). Tagann an teilifís (56%) agus an raidió (37%) chun cinn go fóill mar fhoinsí suntasacha fiú nuair a chuirtear i gcomparáid iad leis na meáin ar líne (62%) agus na meáin shóisialta (47%); mar sin féin, tagann méid suntasach den sciar sin, i gcás na teilifíse agus an raidió, ó chohóirt níos sine.¹⁹
- Bhí sciar ard (~70%) ar fud na n-aoischohóirt uile buartha faoina bhfuil fíor agus bréagach maidir le hábhar ar líne.²⁰

Go ginearálta, leis an suirbhé léirítear go leanann na meáin ar líne de bheith ag fás mar fhoinsé nuachta, fiú má tá na meáin shóisialta níos coitianta i measc cohóirt níos óige. Ó thaobh an mhoratóra de, níl aon idirdhealú suntasach ann idir na meáin shóisialta agus foinsí nuachta ar líne ós rud é nach gclúdaítear ceachtar acu leis an moratóir. Cé go n-úsáideann cohóirt níos sine an teilifís agus an raidió, baineann na haoischohóirt uile úsáid fhorleathan as na foinsí ar líne.

3.3. An Staidéar Náisiúnta ar Chúrsaí Toghcháin agus Daonlathais

Maidir le reifrinn mhí an Mhárta 2024, d'fhoilsigh an Coimisiún Toghcháin, agus foilsíodh leis an Staidéar Náisiúnta ar Chúrsaí Toghcháin agus Daonlathais, sonraí ón gcéad Staidéar píolótach Náisiúnta ar Chúrsaí Toghcháin agus Daonlathais.²¹ Sna sonraí sin tá roinnt comharthaí úsáideacha maidir le húsáid meán vótálaithe:

¹³ *Ibid*, leathanach 28.

¹⁴ *Ibid*, leathanach 35.

¹⁵ *Ibid*, leathanach 36.

¹⁶ Leis sin, tagraítear go sonrath d'fhoinsí cé is moite de na meáin shóisialta agus blaganna.

¹⁷ An Tuarascáil ó Reuters ar Nuacht Dhigiteach na hÉireann 2024, leathanach 46.

¹⁸ *Ibid*, leathanach 48.

¹⁹ *Ibid*, leathanach 49.

²⁰ *Ibid*, leathanach 66.

²¹ Féach an tuarascáil réamhreifinn ([An Tuarascáil Réamhreifinn 2024 \(neds.ie\)](https://www.neds.ie/en/News/2024/03/2024-National-Polling-Methodology)) agus an tuarascáil iar-reifrinn ([An Tuarascáil Suirbhé Vótálaithe Reifreann \(neds.ie\)](https://www.neds.ie/en/News/2024/03/2024-National-Polling-Methodology)).

- tháinig meáin chraolta (an teilifís agus an raidió) chun cinn mar mheáin atá in úsáid ag freagróirí ar bhealach níos minice ná meáin eile, amhail meáin nuachta ar líne nó na meáin shóisialta agus tháinig siad chun cinn mar mheáin ina bhfuil níos mó muiníne á cur ag freagróirí freisin;
- tháinig méadú ar úsáid nuachta ar líne agus meán sóisialta mar fhoinsé nuachta sa tréimhse roimh an reifreann, cé gur tháinig meath ar úsáid meán craolta;
- rinne thart ar 28% (reifreann teaghlaigh) agus 30% (reifreann cúraim) de vótálaithe cinneadh maidir le conas vóta a chaitheamh an lá roimh an reifreann, lá an reifrinn, nó ag an stáisiún vótála féin.

Is é a leanann as sin go ndéanann beagnach 30% de dhaoine a chaitheann vóta sna reifrinn²² cinneadh maidir le conas vóta a chaitheamh faoi dhálaí moratóra.²³ I bhfocail eile, sa mhéid a bhí éifeacht ar bith leis an moratóir, bhí tionchar aige ar thart ar 30% díobh sin a chaith vóta. Cé go bhfuil an líon sin níos lú ná tromlach, is sciar thar a bheith suntasach é mar sin féin.

Is spéisiúil a thabhairt faoi deara freisin gur tháinig an méadú ar úsáid nuachta ar líne agus na meán sóisialta sa tréimhse roimh an reifreann. Is ann do roinnt mínithe inchreidte leis sin. Féadfaidh an moratóir a bheith ina thoisic amháin i mbraistint maidir le húsáideacht meán craolta laghdaithe gar don lá vótála. Ar an taobh eile, is féidir nach é atá ann ach mar sin atá de bharr go bhfuil na meáin ar líne níos idirghníomhaí agus níos frithghníomhaí ná na meáin thraidisiúnta sin. Is fiú a thabhairt faoi deara go mbeadh na samplaí do thuarascáil reifreann NEDS agus an Tuarascáil ó Reuters ar Nuacht Dhigiteach tarraingthe ag tráthanna comhchosúla.²⁴ Ní mór breathnú ar an laghdú tuairiscithe ar úsáid foinsí nuachta ar líne do na reifrinn i bhfianaise na tacaíochta láidre ginearálta le haghaidh úsáid foinsí ar líne a thuairiscítear sa Tuarascáil ó Reuters ar Nuacht Dhigiteach na hÉireann 2024.

An 31 Iúil, tar éis an staidéir phiolótaigh a rinneadh ar bhonn reifrinn mhí an Mhárta 2024, d'fhoilsigh an Coimisiún Toghcháin níos mó sonraí NEDS maidir le toghcháin an 7 Meitheamh.²⁵ Arís, bailíodh sonraí maidir le cathain a rinne vótálaithe cinneadh maidir le conas vóta a chaitheamh. Le haghaidh na dtoghchán áitiúil, rinne 56% de vótálaithe cinneadh maidir le conas vóta a chaitheamh laistigh de sheachtain ón toghchán agus rinne 20% díobh cinneadh maidir le cathain a chaithfidís vóta lá an toghcháin (nuair a bhí an moratóir craolacháin i bhfeidhm). Le haghaidh na dtoghchán Eorpach, bhí cinneadh déanta ag 64% de na vótálaithe laistigh de sheachtain ón toghchán agus rinne 28% díobh cinneadh lá an toghcháin.

²² Tabhair faoi deara, ní hé atá i gceist leis sin na toghthóirí (iad sin a bhí incháilithe chun vóta a chaitheamh), is é atá ann an grúpa is lú de na toghthóirí a chaitheann a vótaí i ndáiríre. Bhí an líon daoine a vótáil le haghaidh na reifreann taifeadta ag thart ar 44%.

²³ I gcás 2% de na freagróirí ar an suirbhé níorbh eol dóibh cathain a chinn siad conas a vótálfadís nó ní raibh cuimhne acu air sin.

²⁴ I ndeireadh mhí Eanáir/i dtús mhí Feabhra 2024 bailíodh sampla na Tuarascála ó Reuters ar an Nuacht Dhigiteach. Rinneadh suirbhéanna réamhreifrinn NEDS 1-2 sheachtain roimh dháta an reifrinn (rud a fhágann go ndéileálfaí leo i ndeireadh mhí Feabhra/i dtús mhí an Mhárta 2023). Rinneadh suirbhé iar-reifrinn NEDS lá na vótaíochta (i dtús mhí an Mhárta 2024) ag an stáisiún vótála orthu sin a raibh a vótaí caite acu.

²⁵ Tá tuarascáil de na sonraí sin le fáil anseo: [An Coimisiún Toghcháin – An Tuarascáil Réamhreifrinn Cúraim agus Teaghlaigh 2024 \(neds.ie\)](#). Tá tuarascáil ann freisin maidir leis an toghchán le haghaidh mhéara Luimnigh a reáchtáladh an lá céanna: [24-038380-An Coimisiún Toghcháin Suirbhé Vótálaithe Luimnigh \(neds.ie\)](#), mar sin féin, nírbailíodh sonraí mar chuid den suirbhé sin maidir le cathain a chinn vótálaithe conas a vótálfadís.



3.4. Tuarascáil ón gCoimisiún Toghcháin maidir le Reifrinn ar an Teaghlach agus Cúram

Ina thuarascáil maidir le Reifrinn ar an Teaghlach agus Cúram, léirigh an Coimisiún Toghcháin an tuairim gur cheart an moratóir a bhaint:

Tráth a bhfuil na meáin ar líne agus na meáin shóisialta chomh coitianta sin, tá treoirlínte [an mhoratóra] aimhrialta anois agus oscailte do dhúshaothrú féideartha.

Molann an Coimisiún [Toghcháin] go mbainfí an moratóir craolacháin ó na treoirlínte do chraoltóirí raidió agus teilifíse roimh an gcéad imeacht toghcháin eile.

D'iarramar ar an gCoimisiún Toghcháin freagra a thabhairt ar an gcomhairliúchán sin agus cur leis na cúiseanna lena mholadh.

4. Roghanna le haghaidh athchóiriú a dhéanamh ar an moratóir craolacháin

Sa chuid seo, leagtar amach roinnt roghanna le haghaidh cineálacha modhnaithe a fhéadfaidh an Coimisiún a dhéanamh ar an moratóir. Cuirtear in ord iad go garbh ón imeacht radacach is lú ón mbeartas reatha chuig an imeacht is suntasaí ón mbeartas sin.

Seo a leanas na roghanna ar a lorgaíonn an Coimisiún tuairimí:

1. an moratóir a choimeád go díreach mar atá faoi láthair,
2. féachaint chuige go mairfidh an moratóir ar feadh tréimhse níos faide nó níos gairide,
3. an moratóir a athrú chun nach n-áireofar ach cineálacha clúdaigh craolacháin níos teoranta,
4. deireadh a chur leis an moratóir agus oibleagáid dhearfach ar chraoltóirí a chur ina ionad, mar shampla oibleagáid chun cúram ar leith a ghlacadh maidir le hábhar lena dtugtar aghaidh ar shaincheisteanna toghcháin nó reifrinn sa tréimhse roimh reifreann nó toghchán,
5. deireadh a chur leis an moratóir agus gan aon ní a chur ina ionad, agus clúdach craolacháin ar ábhar toghcháin nó reifrinn a fhágáil lena rialáil leis an gcuid eile den Chód maidir le Cothroime, Oibiachtúlacht agus Neamhchlaontacht i gCláir Nuachta agus Cúrsaí Reatha.

Is den tábhacht bém a chur air **nach** bhfuil roghanna áirithe le haghaidh athchóiriú á mbreithniú ag an gCoimisiún an tráth seo. Go háirithe, maidir le **leathnú an mhoratóra chuig meáin eile (meáin chlóite, meáin shóisialta, nó meáin chlosamhairc ar éileamh)**, níl sé á bhreithniú faoi láthair ná níl sé mar chuid den chomhairliúchán seo. I gcás na meán clóite agus ar líne, is é an chúis leis sin go bhfuil leathnú an mhoratóra chuig na meáin sin thar chumhachtaí dlíthiúla an Choimisiúin.²⁶ I gcás na meán chlosamhairc ar éileamh, is é is cúis leis sin toisc nár eisigh an Coimisiún cóid a bhaineann leis na meáin sin; i bhfianaise na ndífríochtaí idir na meáin chlosamhairc ar éileamh agus na meáin chraolta thraidisiúnta, maidir le cur i bhfeidhm aon rialach moratóra, nó rialach atá cosúil, ó thaobh cineáil agus cuspóra de, leis an moratóir, bhreithneofaí air sin i gcomhairliúchán ar leith a bhaineann go sonrach le meáin chlosamhairc ar éileamh.

²⁶ Leis an taithí atá ag tíortha eile (amhail an Fhrainc) nach leathnaíonn srianta a bhaineann leis an moratóir chuig na meáin shóisialta, thabharfaí le fios freisin fiú amháin dá mbeadh sé indéanta go dleathach don Choimisiún an moratóir a leathnú chuig na meáin shóisialta, nach mbeadh sé praiticiúil déanamh amhlaidh.

4.1. Rogha 1: An moratóir a choinneáil mar atá

Rogha amháin atá ann is ea na rialacha reatha atá ann maidir leis an moratóir a fhágáil i bhfeidhm mar atá siad faoi láthair, agus sin an méid. Buntáiste amháin a bhaineann leis an gcur chuige sin is ea go bhfuil na rialacha reatha maidir leis an moratóir i bhfeidhm ar feadh níos mó ná deich mbliana ag an tráth seo agus tá craoltóirí ar an eolas faoina bhfeidhmiú. Dá nglacfaí iad, d'fhágadh an rogha sin nach mbeadh aon athrú ann ón gcleachtas bunaithe atá ann cheana.

Deacracht amháin a bhaineann leis an gcur chuige sin (agus, go deimhin, a bhaineann leis an moratóir in **aon** fhoirm) is ea, ós rud é gurb amhlaidh nach bhfuil leathnú an mhoratóra chuig meáin eile á bhreithniú, go ndéileáiltear le meáin éagsúla ar bhealach difriúil sa tréimhse roimh imeachtaí vótála amhail toghcháin agus reifrinn. Ós rud é nach leathnaíonn cumhachtaí reachtúla an Choimisiúin chuig na meáin chlóite ná na meáin ar líne, tá leibhéal ilroinnte rialála i gceist leis an moratóir a choinneáil. Ní mór breathnú ar an ilroinnt sin i gcomhthéacs sciar méadaitheach den mhargadh le haghaidh na meán ar líne mar fhoinsé nuachta agus ardaítear dhá shaincheist nasctha leis sin ar a laghad:

- (1) baineann sí an bonn ó chuspóirí beartais an mhoratóra sa mhéid go bhfágann sí gur fíor an méid seo a leanas maidir leis an riail mhoratóra—
 - (a) teorainn atá inti lena bhfuil níos lú éifeachta maidir le scaipeadh eolais lena bhféadfaidh dochar a dhéanamh don phróiseas daonlathach, agus
 - (b) fágann sí go bhfuil vótálaithe neamhchosanta ar ábhar clóite agus ar líne, rud a fhéadfaidh cur isteach ar an machnamh pearsanta a bheartaítear a éascú leis an moratóir;
- (2) cruthaítear timpeallacht meán tríthi ina bhfuil seirbhísí áirithe faoi réir srian nach bhfuil seirbhísí eile srianta dó, lena n-áirítear seirbhísí a thairgeann an máthaireintiteas céanna (mar shampla, tá seirbhísí craolacháin RTÉ faoi réir an mhoratóra, ach is amhlaidh nach bhfuil a sheirbhís nuachta ar líne faoina réir).²⁷

Baineann an chéad cheann de na pointí sin le ceist chéime. Is é sin, cé go bhféadfadh sé nach mbeadh an moratóir chomh héifeachtach sin chun a chuspóirí beartais a uasmhéadú mura gcuirfí an moratóir i bhfeidhm ach maidir le foirmeacha áirithe meán seachas cinn eile, ní hé sin le rá nach bhfuil éifeacht ag baint leis lena mbaint amach. Ní ceist chéime atá sa dara pointe ar an mbealach sin: déileáiltear leis na seirbhísí meán uile ar an mbealach céanna nó déileáiltear leo ar bhealach éagsúil.

Cé go bhféadfadh sé gur cosúil go bhfuil láimhseáil dhifreálach seirbhísí meán éagothrom nó éagórach, de réir dealraimh, is den tábhacht cuimhneamh air go bhfágann comhionannas gur gá déileáil le nithe atá cosúil le chéile mar an gcéanna agus gur féidir déileáil ar bhealach difriúil le nithe nach bhfuil cosúil le chéile. Is féidir gur mian le freagróirí aon chúiseanna a d'fhéadfadh a bheith acu a thairiscint lena mheas gur beag difríocht atá idir meáin chraolta agus meáin eile, agus sin ar bhealach a fhágann gur cuí déileáil go héagsúil leo.

Buntáistí féideartha

Tá taithí ag craoltóirí cheana ar na rialacha atá ann cheana, rud a fhéadfaidh feabhas a chur ar chomhlíonadh.

Míbhuntáistí féideartha

Níl feidhm ag an moratóir ach maidir le craoltóirí, agus leis sin díolmhaítear na meáin chlóite agus shóisialta go háirithe; leis sin baintear an bonn de chuspóirí beartais an mhoratóra agus cuirtear na

²⁷ Ba é cleachtas RTÉ an moratóir a chomhlíonadh maidir lena chlúdach ar líne cé nach bhfuil oibleagáid dhian air déanamh amhlaidh.



Le friotal na rialach atá sách ginearálta, rud atá dírithe ar aon chlúdach toghcháin nó reifrinn, is féidir go dtabharfar cur i bhfeidhm níos leithne dó maidir le réimse níos mó de dhochair fhéideartha.

meáin chraolta faoi mhíbhuntáiste i gcomparáid le meáin eile.

Féadfar friotal na rialach atá sách ginearálta a fhorléiriú mar a bheith de chineál rófhórleathan, nó is féidir go gcuirfear drochmhisneach ar chraoltóirí leis sin ábhar a chlúdach ar féidir, déanta na firinne, nach sárófar an moratóir leis.

Tábla 1. Buntáistí agus míbhuntáistí féideartha a bhaineann leis an moratóir a choimeád mar atá

Ceisteanna le haghaidh comhairliúcháin

- C. 3** Cén méid a cheapann tú go mbeadh Rogha 1 ina rannchuidiú leis na cuspóirí beartais a leagtar amach i gCuid 2 a bhaint amach? An bhfuil aon tuairimí agat maidir le conas is fearr a d'fhéadfaí an rogha sin a chur chun feidhme ionas gur fearr is féidir freastal ar na cuspóirí beartais sin? Soláthair cúiseanna le do thuairim agus fianaise uirthi.

4.2. Rogha 2: Fad an mhoratóra a athrú

Ní hé gurb ann d'aon fhad amháin is fearr do thréimhse thosta toghcháin. Is ann do bhandaí d'amanna inchreidte lena bhféadfaí cothromaíocht a bhaint amach idir saoirse cainte na meán seirbhíse agus aidhmeanna beartais phoiblí an mhoratóra. Faoi láthair, tá fad mhoratóir na hÉireann – 2pm an lá sula n-osclaíonn an vótaíocht go dtí an t-am a dhúntar an vótaíocht – rud beag níos gairide ná rialacha comhchosúla i ndlínsí eile (féach larscríbhinn A).

Faoi rogha sin, choinneofaí ábhar bunúsach riail an mhoratóra; mar sin féin, bheadh feidhm aici ar feadh tréimhse ama níos gairide nó níos faide ná mar atá aici faoi na rialacha reatha.

Is féidir go mbeidh gnéithe speisialta i gceist leis an tréimhse ar lena linn atá an vótaíocht ar oscailt.²⁸ Ba léiriú é sin ar threoir Oifim sa Ríocht Aontaithe. Is tábhachtach an prionsabal daonlathach é go gcaitear go cóir agus go cothrom le gach vótálaí incháilithe. Is é atá mar leathnú ar an bprionsabal sin gur cheart, a mhéid is mó is féidir, an t-eolas céanna a bheith ar fáil do vótálaithe beag beann ar an am den lá a chaitheann siad vóta.

Buntáistí féideartha

D'fhéadfadh fad **níos faide** a bheith luachmhar le haghaidh cineálacha áirithe eolais, amhail pobalbhreitheanna, i gcás ina bhfuil gá le níos mó ama chun an t-eolas a bhailíochtú agus is féidir go mbeidh a thionchar ar iompar vótála níos suntasaí.

Míbhuntáistí féideartha

Tá fad **níos faide**, agus gach rud cothrom, ina shrian níos mó ar shaoirse cainte. D'fhéadfadh an méid sin a bheith frithchothromaithe tríd an moratóir a dhíriú ar chineálacha áirithe clúdaigh

²⁸ Le haghaidh an chuid is mó de thoghcháin in Éirinn, sonraítear le reacht gurb é atá ann sin tréimhse 12 uair an chloig ar a laghad idir 7am agus 10:30pm an lá vótaíochta ainmnithe. Féach [alt 96 den Acht Toghcháin, 1992](#) i leith Thoghcháin na Dála (Olltoghcháin agus Fothoghcháin); [alt 7 d'Acht Toghchán an Uachtaráin, 1993](#) i leith toghcháin chuig oifig Uachtarán na hÉireann; [alt 13 d'Acht an Reifrinn, 1994](#) i leith reifrinn maidir le Billí chun an Bunreacht a leasú; [alt 10 den Acht um Thoghcháin do Pharlaimint na hEorpa, 1997](#) i leith toghcháin do Pharlaimint na hEorpa.



Tá fad **níos gairide** ina shrian níos lú ar shaoirse cainte.

agus sin amháin, amhail tuarascálacha ar phobalbhreitheanna eolaíocha.

Ní bheadh fad **níos gairide** chomh héifeachtach sin maidir le cuspóirí beartais an mhoratóra a bhaint amach ós rud é go bhfágann sin go bhfuil níos mó ama ann ina bhféadfadh imeacht suaiteach tarlú.

Tá moratóir lena gcumhdaítear uaireanta vótaíochta amháin ina chuidiú lena áirithiú go mbeidh rochtain ag na vótálaithe uile, beag beann ar an am den lá a chaitheann siad vóta, ar eolas comhchosúil ar a mbunóidh siad a rogha vótála agus go mbeidh níos mó ama faighte leis an eolas sin a sheiceáil agus lena bhailíochtú.

Tábla 2. Buntáistí agus míbhuntáistí féideartha a bhaineann le moratóir níos faide nó níos gairide

Ceisteanna le haghaidh comhairliúcháin

- C. 4** Cén méid a cheapann tú go mbeadh Rogha 2 ina rannchuidiú leis na cuspóirí beartais a leagtar amach i gCuid 2 a bhaint amach? An bhfuil aon tuairimí agat maidir le conas is fearr a d'fhéadfaí an rogha sin a chur chun feidhme ionas gur fearr is féidir freastal ar na cuspóirí beartais sin? Soláthair cúiseanna le do thuairim agus fianaise uirthi.

4.3. Rogha 3: An moratóir a oiriúnú ionas go mbeidh feidhm aige maidir le haicmí cainte níos cúinge

Rogha fhéideartha eile le haghaidh athchóiriú is ea athrú a dhéanamh ar na cineálacha gníomhaíochtaí nó cainte lena mbaineann an moratóir. Le riail an mhoratóra reatha moltar go seachnódh craoltóirí clúdach ar ábhar toghcháin nó reifrinn. Sa chleachtas, toisc go bhfuil an moratóir reatha sách ginearálta, gach seans go mbeadh athchóiriú feadh na línte sin i bhfoirm an moratóir a shrianadh lena chur i bhfeidhm maidir le haicme chainte atá níos cúinge ná mar atá faoi láthair.

Maidir le spreagadh le haghaidh na gcineálacha cainte a bhféadfadh ceisteanna beartais ar leith a bheith i gceist leo, d'fhéadfaí iad a tharraingt ó dhlínsí eile. I gcás ina gcuireann dlínsí eile toirmeasc ar chineálacha sonracha cainte roimh thoghcháin agus reifrinn, ar cheann de na samplaí coitianta áirithe tá **fógraíocht pholaitiúil** agus **pobalbhreitheanna agus pobalbhreitheanna díreach tar éis vótála**.

Tá toirmeasc ar fhógraíocht pholaitiúil cheana ar mheáin chraolta le halt 46M(2)(a) den Acht Craolacháin 2009, lena gcuirtear toirmeasc ar chraoltóirí fógraí a sheachadadh atá 'dírithe ar chuspóir polaitíochta'. Dá bhrí sin, tá sé lasmuigh de raon feidhme an chomhairliúcháin seo, a bhaineann leis an moratóir go sainiúil.



I gcás pobalbhreitheanna agus pobalbhreitheanna díreach tar éis vótála,²⁹ is ann do dhá phríomhbhreithniú—

- (1) ós rud é go maíonn pobalbhreitheanna go bhfuil méid áirithe déine eolaíche agus oibiachtúlachta ag baint leo mar gheall ar na modhanna staitistiúla a úsáideann siad, is den tábhacht a bheith in ann a fhíorú go bhfuil pobalbhreith bailí go heolaíoch agus, dá bhrí sin, gur foinse iontaoifa eolais í, agus
- (2) ós rud é go mbaineann an dá chineál pobalbhreithe, agus go háirithe pobalbhreitheanna díreach tar éis vótála, le heolas nach mbaineann le haon ábhar beartais ar leith ach leis an dóigh a gcaitheann vótálaithe eile vóta, nó a mbeartaíonn siad vótáil, d'fhéadfaí a áitiú go bhfuil bonn cirt níos laige ag baint lena bhfoilsíú; is é a éilítear le daonlathas breithniúcháin go mbeidh vótálaithe ar an eolas agus dioscúrsach maidir le **hábhair bheartais** a bhaineann leis an toghchán nó leis an reifreann, agus nach é go bhfuil siad ar an eolas faoi rúin vótála vótálaithe eile chun cur chuige níos straitéisí nó níos beartaí i leith na vótála a éascú.

Murab ionann is eolas polaitiúil nó beartais, rud atá dochrach go príomha do leasanna vótálaithe i gcás ina bhfuil sé bréagach nó míthreorach, le sonraí lena gcuirtear ionchais toghcháin iarrthóirí ar an teileagraf, d'fhéadfadh sé go saobhfaí an próiseas daonlathach fiú i gcás inar fíor sin. Is féidir go mbeidh tionchar aige sin ar thorthaí toghcháin tríd an líon daoine a vótálann a dhíspreagadh nó trí na vótálaithe sin a chaitheann vóta a spreagadh chun tionú chuig iarrthóir eile. D'fhéadfadh na héifeachtaí sin teacht chun cinn ach, mar shampla, éifeacht 'na haithrise' (ina dtiontaíonn vótálaithe chuig an iarrthóir tosaigh) nó éifeacht 'an íochtaráin' (ina dtiontaíonn vótálaithe chuig an iarrthóir chun deiridh) a chruthú. Tá an litríocht pholaitiúil neamhchinnte maidir leis an éifeacht is dóchúla nó leis an neart atá ag ceachtar éifeacht, cé gur cosúil go dtacaítear go maith leis gur féidir go mbeidh tionchar ag rochtain ar eolas maidir le pátrúin vótála iarbhír nó bheartaithe vótálaithe ar conas a vótálann duine aonair agus cé acu a roghnaíonn nó nach roghnaíonn sé nó sí vóta a chaitheamh in aon chor.³⁰

Is fiú béim a chur air nach bhfuil an Coimisiún á mholadh gur cheart toirmeasc a chur ar bhealach níos ginearálta ar phobalbhreitheanna nó pobalbhreitheanna díreach tar éis vótála. Tá siad eolasach do vótálaithe agus, tar éis an vóta, eolaithe polaitiúla chun tuiscint a fháil ar threochtaí tábhachtacha chun eolas a dhéanamh do bheartas agus riarachán poiblí. Is é an pointe atá á dhéanamh gur réasúnaíocht eolasach agus tugtha eolais is mó a thugann údar do na pobalbhreitheanna sin, seachas an ról atá acu agus a gcearta daonlathacha aonair á bhfeidmiú ag saoránaigh. Dá réir sin, d'fhéadfaidís a bheith srianta maidir leis an tráth timpeall, agus le linn, na vótaíochta chun béim a choimeád ar shaincheisteanna toghcháin agus reifrinn.

Buntáistí féideartha

Maidir le srianta ar thorthaí pobalbhreithe a chlúdach le linn tréimhse shainithe roimh vótáil phoiblí, is féidir leo a bheith ina gcuidiú chun nach gcuirfeadh vótálaithe ar míthreoir mar gheall ar vótaíocht mhíchruinn (is é sin, ceann lena

Míbhuntáistí féideartha

Is féidir nach mbeidh toirmeasc ar phobalbhreitheanna ar an modh is iomchuí chun an cuspóir a bhaint amach a bhaineann lena chinntiú nach dtiocfaidh mífhaisnéis phoiblí chun cinn sna pobalbhreitheanna sin; is féidir gurb é is

²⁹ Chun teacht ar bhreithniú a rinneadh le déanaí i meáin na hÉireann ar shaincheisteanna is féidir teacht chun cinn agus pobalbhreitheanna á léirmhíniú agus á dtuairisciú, féach: [Elections 2024: General election polls are poor predictors of local elections – here's why \(thejournal.ie\)](#).

³⁰ Féach Victor Araújo agus Malu AC Gatto, 'Casting Ballots When Knowing Results' (2022) 52 British Journal of Political Science 1709 ag leathanaigh 1711–12 chun forléargas a tugadh le déanaí a fháil ar chuid de na staidéir agus den litríocht ar an ábhar seo.



mbaineann easnaimh mhodheolaíochta) nó tuairisciú míchruinn ar vótaíocht (is é sin, tuairisciú lena ndéantar áibhéil faoinar féidir a thabhairt le tuiscint go réasúnta leis an vótaíocht)

fearr go n-eiseodh an Coimisiún treoir do chraoltóirí chun caitheamh go cúramach leis na tuarascálacha sin, go háirithe faoi mar a dhruideann lá na vótaíochta níos gaire.

Is féidir go mbeidh srianta ar fhoilsiú pobalbhreitheanna nó pobalbhreitheanna díreach tar éis vótála ina gcuidiú chun saobhadh leis an bpróiseas daonlathach a laghdú, rud a fhéadfaidh eascairt as vótáil straitéiseach nó éifeachtaí aithrise nó íochtaráin.

Tábla 3. Buntáistí agus míbhuntáistí féideartha a bhaineann le moratóir níos cúinge

Ceisteanna le haghaidh comhairliúcháin

- C. 5** Cén méid a cheapann tú go mbeadh Rogha 3 ina rannchuidiú leis na cuspóirí beartais a leagtar amach i gCuid 2 a bhaint amach? An bhfuil aon tuairimí agat maidir le conas is fearr a d'fhéadfaí an rogha sin a chur chun feidhme ionas gur fearr is féidir freastal ar na cuspóirí beartais sin? Soláthair cúiseanna le do thuairim agus fianaise uirthi.

4.4. Rogha 4: Deireadh a chur leis an moratóir agus treoir a chur ina ionad lena bhforchuirtear oibleagáidí dearfacha seachas oibleagáidí diúltacha

Faoi láthair, tá an moratóir leagtha amach mar oibleagáid **dhiúltach gan ábhar** toghcháin ná reifrinn a **chlúdach** i gcrailtá fad atá feidhm ag an moratóir. Sa mhéid sin, leis an moratóir déantar an cás a mheá go réamhchoiscitheach le haghaidh craoladh agus, i gcás ina bhfuil an t-ábhar sin sa chraoladh, éileofar an chonclúid leis i gcónaí nach rachaidh an craoladh ar aghaidh.

Rogha mhalartach a bheadh ann ná oibleagáidí **dearfacha** áirithe a chur ar chraoltóirí chun tabhairt faoi ghníomhaíochtaí áirithe agus cloí le caighdeáin faoi leith. D'fhéadfadh an méid sin a bheith i bhfoirm, mar shampla, treoir do chraoltóirí chun cúram speisialta nó ar leith a úsáid agus breithniú á dhéanamh i dtaobh cé acu ba cheart nó nár cheart ábhar áirithe a chraoladh. D'fhéadfadh caighdeán a chur in iúl trínar cheart don chraoltóir measúnú a dhéanamh ar an gcás chun dul ar aghaidh leis an gcrailtá. Is é a d'fhéadfadh a bheith i gceist leis an gcaighdeán sin go bhfuil an craoltóir sásta go ndéantar leas an phobail agus daonlathas a chur chun cinn leis an ábhar atá le craoladh agus gurb amhlaidh nach dtéann sé chun tairbhe ná chun dochair, ar bhealach soiléir, d'iarrthóir toghcháin, páirtí ná taobh de reifreann.

Ar na hoibleagáidí dearfacha eile d'fhéadfaí a áireamh é a éileamh ar chraoltóirí beartas a ullmhú chun cinnteoireacht iomchuí a threorú timpeall clúdach polaitiúil gar go leor, ó thaobh ama de, do vóta poiblí. D'fhéadfadh sé go n-éileofaí ar an gcrailtóir fógra a thabhairt don Choimisiún maidir leis an mbeartas sin.

Buntáistí féideartha

Le hoibleagáidí dearfacha cheadófaí do chraoltóirí aonair an cás a mheá iad féin le haghaidh craoladh.

Míbhuntáistí féideartha

Ba é a bheadh i gceist leis sin imeacht ón gcur chuige go dtí seo agus, mar sin, is féidir go mbeidh dúshláin ag baint leis sin do chraoltóirí oiriúnú dó sin.



Le hoibleagáidí dearfacha cuirtear an bhéim ar chaighdeán atá le baint amach ag an gcráoltóir sa chinnteoireacht seachas díriú ar cé acu a thagann nó nach dtagann an t-ábhar laistigh de chatagóir áirithe atá toirmisce go réamhchoiscteach.

Tá béim ar chaighdeán de chineál comhthéacsúil agus claonta agus d'fhéadfadh sé a bheith níos dúshlánaí ó thaobh comhlíonadh agus forfheidhmiú de.

Tábla 4. Míbhuntáistí féideartha maidir le hoibleagáidí dearfacha thar oibleagáidí diúltacha

Ceisteanna le haghaidh comhairliúcháin

- C. 6** Cén méid a cheapann tú go mbeadh Rogha 4 ina rannchuidiú leis na cuspóirí beartais a leagtar amach i gCuid 2 a bhaint amach? An bhfuil aon tuairimí agat maidir le conas is fearr a d'fhéadfaí an rogha sin a chur chun feidhme ionas gur fearr is féidir freastal ar na cuspóirí beartais sin? Soláthair cúiseanna le do thuairim agus fianaise uirthi.

4.5. Rogha 5: Deireadh a chur leis an moratóir ina iomláine, agus gan ach na forálacha atá fágtha den Chód atá i bhfeidhm a fhágáil

Ba é a bheadh i gceist le deireadh a chur leis an moratóir an t-ábhar toghcháin agus reifrinn uile a chlúdach suas le huairanta vótaíochta ar na meáin eile, agus le linn na n-uairanta sin, lena n-áirítear meáin chraolta. Bheadh meáin chraolta faoi réir na bhforálacha níos ginearálta den Chód; mar sin féin, ní bheadh feidhm a thuilleadh le rialacha sonracha an mhoratóra. I ndáiríre, d'fhágfadh sin go mbeadh an cheist i dtaobh cé acu ba cheart nó nár cheart scéal a chlúdach ina ceist eitice iriseoireachta agus discréide eagarthóireachta.

Mar a pléadh thuas faoi Rogha 1, is ann do shaincheisteanna ilroinnte rialála a bhaineann le moratóir a choinneáil in aon fhoirm. Mar sin féin, tá an méid atá an ilroinnt sin achrannach ag brath ar fhoirm an mhoratóra, agus d'ardófaí níos lú fadhbanna trí leagan níos cúinge den mhoratóir ná mar atá ann faoi láthair.

Cé go réiteofaí fadhb na hilroinnte ach deireadh a chur leis an moratóir, tá feidhm fós ag na breithnithe a d'fhéadfaí a bheith ag baint le **huairanta vótaíochta** (a bhreithnítear faoi Rogha 2) agus le **cineálacha áirithe tuairiscithe nó eolais** (a bhreithnítear thuas faoi Rogha 3). Freagróirí atá i bhfabhar deireadh a chur leis an moratóir ina iomláine, spreagtar iad go hiomlán chun na saincheisteanna sin a bhreithniú ina bhfreagra.

Buntáistí féideartha

Baintear láimhseáil dhifreálach craoltóirí leis sin i gcomparáid leis na meáin chlóite agus ar líne.

Míbhuntáistí féideartha

I gcás ina bhfuil breithnithe láidre ann i leith srianta áirithe – amhail, mar shampla, srianta maidir le tuairisciú le linn uairanta vótaíochta – is féidir go mbainfeadh na cuspóirí beartais sin amach ar bhealach níos éifeachtaí le toirmeasc simplí.

Tábla 5. Buntáistí agus míbhuntáistí féideartha a bhaineann le deireadh a chur leis an moratóir

Ceisteanna le haghaidh comhairliúcháin



C. 7 Cén méid a cheapann tú go mbeadh Rogha 5 ina rannchuidiú leis na cuspóirí beartais a leagtar amach i gCuid 2 a bhaint amach? An bhfuil aon tuairimí agat maidir le conas is fearr a d'fhéadfaí an rogha sin a chur chun feidhme ionas gur fearr is féidir freastal ar na cuspóirí beartais sin? Soláthair cúiseanna le do thuairim agus fianaise uirthi.

5. Ag tabhairt freagra ar an gcomhairliúchán seo

Ar dtús, is féidir gur mian le freagróirí tagairt a dhéanamh do Threoirlínte Comhairliúcháin an Choimisiúin, ar ar féidir rochtain a fháil ag https://www.cnam.ie/wp-content/uploads/2023/06/Consultation-Guidelines-June-2023_GA-1.pdf.

Lorgaíonn Coimisiún na Meán tuairimí, eolas agus fianaise i ndáil le gach ceann de na ceisteanna comhairliúcháin i **gcuid 4** den cháipéis seo, chomh maith le haon rogha eile le haghaidh athchóiriú ar an moratóir a chreideann freagróirí gur cheart don Choimisiún a bhreithniú.

I gcásanna áirithe, d'fhéadfaí roghanna difriúla le haghaidh athchóiriú a chomhcheangal. Mar shampla, is féidir gur mian le freagróir a bheith ar son fad níos gairide (Rogha 2) nach bhfuil feidhm aige ach maidir le craoladh a bhaineann le pobalbhreitheanna (Rogha 3). Féadfaidh freagróirí roghanna comhoiriúnacha a chomhcheangal ar an mbealach sin ina n-aighneacht.

5.1. Achar ama le haghaidh freagraí

Ní mór na freagraí uile ar an gcomhairliúchán seo a chur faoi bhráid an Choimisiúin **tráth nach déanaí ná 5pm an 4 Meán Fómhair 2024**.

Má theastaíonn aon chúnamh uait chun freagra a thabhairt, déan teagmháil leis an gCoimisiún ach ríomhphost a chur chuig codes@cnam.ie nó glao a chur ar 01 644 1200.

5.2. Freagra a thabhairt

Ní mór aighneachtaí chuig an gcomhairliúchán seo a dhéanamh i **scríbhinn**. Féadfaidh freagróirí a n-aighneachtaí a dhéanamh:

- mar **ríomhphost** chuig codes@cnam.ie, trína n-aighneacht a chur i gceangal mar chomhad i bhformáid .docx nó .pdf, nó
- tríd an **bpost** chuig Coimisiún na Meán, 1 Áras Shíol Bhroin, Bóthar Shíol Bhroin, Baile Átha Cliath 4, D04 NP20.

Agus do fhreagra á ullmhú agat, tabhair cúiseanna le do sheasamh tosaíochta. Is féidir leat freisin barúlacha a thairiscint maidir leis an bhfáth a gcreideann tú go mbeadh roghanna eile mí-oiriúnach.

5.3. Úsáid eolais

5.3.1. Sonraí pearsanta

Comhlíonfaidh an Coimisiún a n-oibleagáidí faoin Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí ("RGCS"), faoin Acht um Chosaint Sonraí 2018 agus faoi aon dlí agus rialachán príobháideachais sonraí eile is infheidhme. Tá oibleagáid ar an gCoimisiún agus tá sé tiomanta do gach faisnéis phearsanta a chuirtear



isteach a chosaint. Sa Choimisiún, ceapadh Oifigeach Cosanta Sonraí atá cláraithe leis an gCoimisiún um Chosaint Sonraí. Is féidir leat níos mó eolais a fháil inár mbeartas foilsithe maidir le conas a phróiseálann an Coimisiún eolas pearsanta.³¹

Don phróiseas seo, baileoidh an Coimisiún an t-ainm, an seoladh ríomhphoist agus aon eolas pearsanta eile a áirítear i do fhreagra. Cuirfear ainm an fhreagróra ar an gcomhairliúchán agus an freagra a sholáthrófar ar fáil go poiblí. Mar sin féin, ní chuirfidh an Coimisiún do shonraí teagmhála ar fáil go poiblí, amhail do sheoladh, d'uimhir theileafóin nó do ríomhphost. Ní bhainfear úsáid as an eolas a bhailítear ach chun críocha an athbhreithnithe seo seachas aon chríoch eile.

5.3.2. Eolas rúnda

Tá sé ar intinn ag an gCoimisiún aighneachtaí a fuarthas mar fhreagra ar an gcomhairliúchán seo a fhoilsiú. Tabhair do fhreagra mar dhoiciméad neamhrúnda, le faisnéis rúnda in iarscríbhinn ar leith, nó cuir leagan folaithe nach mbeidh faoi rún isteach in éineacht le do fhreagra. Déileálfaidh an Coimisiún le heolas rúnda i gcomhréir lena Threoirlínte Comhairliúcháin.

5.3.3. Saoráil faisnéise

Tá faisnéis atá i seilbh an Choimisiúin faoi réir a oibleagáidí faoin dlí, lena n-áirítear faoin Acht um Shaoráil Faisnéise 2014. Rachaidh an Coimisiún i gcomhairle leat faoi eolas a mharcálann tú a bheith rúnda sula ndéanfaidh sé cinneadh faoi aon iarraidh a dhéantar chuige faoin Acht um Shaoráil Faisnéise, 2014.

³¹ Féach <https://www.bai.ie/en/about-us/data-protection-policy/>; maidir le tagairtí d'Údarás Craolacháin na hÉireann, is tagairtí iad do Choimisiún na Meán.



Annex A

Tost toghcháin i ndlínsí eile

Is doiligh taighde dlíthiúil comparáideach a dhéanamh ar an gceist sin. Ní ann d'aon sainmhíniú comhsheasmhach ar 'tréimhse tosta' i measc dlínsí difriúla, agus is ann do thrí ghné shuntasacha ar a laghad inarb amhlaidh is féidir 'tréimhse thosta' a bheith éagsúil:

- (1) an duine ar a bhfuil an toirmeasc dírithe (craoltóirí, na meáin shóisialta, na meáin chlóite, 'daoine' etc);
- (2) an t-ábhar atá toirmiscthe (an clúdach uile ar thopaicí toghcháin, pobalbhreitheanna, fógraíocht pholaitiúil, etc);
- (3) an fad atá an toirmeasc i bhfeidhm.

Is ann d'éagsúlacht shuntasach maidir leis gnéithe sin ar fud na ndlínsí uile a phléitear san larscríbhinn seo agus ba cheart an méid sin a choinneáil i gcuimhne agus an t-ábhar thíos á léamh.

A.1. Achoimre ar phríomhbharúlacha

- Ní hann d'aon chomhthoil idirnáisiúnta shoiléir maidir le tréimhsí tosta toghcháin: níl aon fhorálacha den sórt sin ag dlínsí áirithe, agus i gcás dlínsí eile tá forálacha acu atá sách cúng (e.g., pobalbhreitheanna amháin a shrianadh) agus forálacha leathana (e.g., cruinnithe poiblí a shrianadh chun saincheisteanna a bhaineann leis an imeacht vótála ábhartha a phlé). Ní mhaíonn ach líon an-bheag dlínsí go gcuireann siad tréimhsí tosta i bhfeidhm ar na meáin shóisialta nó dhigiteacha; i gcás ina dtrialtear sin tá comhlíontacht íseal agus is iondúil go mbíonn forfheidhmiú lag.
- Chinn dlínsí dlí choitinn áirithe eile go sáraítear saoirse cainte le tréimhsí tosta; mar sin féin, beidh an toradh sin an-chomhthéacsúil maidir leis an dá cheann díobh seo: (a) an beart sonrach atá á bhreithniú, agus (b) an méid cosanta a thugtar do shaoirse cainte faoi dhlí na dlínse. Ní féidir teacht ar an gconclúid gur féidir a shuí go mbeidh forálacha tosta toghcháin go ginearálta ina srian neamhcheadaíthe ar an tsaoirse chun tuairimí a nochtadh.
- Maidir leis na dlínsí eile a bhreithnítear san larscríbhinn seo, i dtaca le foráil mhoratóir na hÉireann:
 - asluiteach atá inti toisc go bhfuil sí ina foráil riaracháin seachas reachtach;³²
 - clúdaítear tréimhse léi atá beagán níos gairide ná an meán;
 - clúdaítear aicme chumarsáide atá beagán níos leithne léi;
 - tá sí níos cúinge sa mhéid nach gclúdaítear ach na meáin chraolta léi seachas na meáin chlóite (nó ar líne).
- As measc an 31 dlínse a bhreithnítear san larscríbhinn seo:
 - **ní fhorchuireann 10 cinn díobh aon srianta tosta toghcháin** (an Bheilg, an Danmhairg, an Eastóin, an Fhionlainn, an Ghearmáin, an Ísiltír, an Liotuáin, an Ostair, an tSualainn agus Stáit Aontaithe Mheiriceá);
 - **forchuireann 6 cinn díobh tréimhsí tosta atá thar a bheith dian nó fada ar bhealach amháin ar a laghad—**
 - ♦ an Chipir, ag a bhfuil toirmeasc 7 lá ar phobalbhreitheanna;

³² Tá an Ríocht Aontaithe ar an aon dlínse amháin a bhreithnítear san larscríbhinn seo ina bhfuil an foráil nó na forálacha tosta toghcháin de chineál riaracháin.

- ♦ an Fhrainc, ag a bhfuil toirmeasc atá beagán níos faide ná an meán ar phobalbhreitheanna agus ag a bhfuil feidhm maidir le gach modh foilseacháin (lena n-áirítear na meáin shóisialta);
 - ♦ an Iodáil, ag a bhfuil toirmeasc réamhvótaíochta 15 lá ar phobalbhreitheanna a fhoilsiú, agus toirmeasc réamhvótaíochta 1 lá ar ‘bolscaireacht pholaitiúil’;
 - ♦ an tSlóvaic, a fhorchuireann toirmeasc 48 n-uair an chloig ar réimse leathan eolais, lena n-áirítear eolas maidir le hiarrthóirí agus pobalbhreitheanna;
 - ♦ an Spáinn, a fhorchuireann toirmeasc 24 uair an chloig ar fheachtasaíocht toghcháin agus toirmeasc 5 lá ar fhoilsiú pobalbhreitheanna ar na meáin uile, lena n-áirítear na meáin shóisialta;
 - ♦ an Astráil, a fhorchuireann toirmeasc 3 lá ar an bhfógraíocht toghcháin uile ar na meáin chraolta amháin;
- **forchuireann 9 dtír tréimhse thosta ~24 uair an chloig** (an Chipir, an Chróit, an Fhrainc, an Ghréig, an Laitvia, Málta, an Pholainn, an Phortaingéil agus an Rómáin);
 - **forchuireann 5 cinn díobh srianta ar phobalbhreitheanna amháin** (an Bhulgáir, Lucsamburg, Poblacht na Seice, an tSlóivéin agus an Ungáir).

A.2. Dlíní Eorpacha eile

Le [Bileog Threorach do Pharlaimint na hEorpa](#) leagadh amach tréimhsí tosta toghcháin mar atá feidhm acu sna 27 mBallstát den Aontas Eorpach amháil ag 2024. Is ann do phointí tábhachtacha áirithe nach mór béim a leagan orthu maidir le conas a dhéileáiltear le tréimhsí tosta sa Bhileog Threorach:

- (1) déantar cur síos ann ar dhlí gach Ballstáit maidir le **toghcháin Eorpacha amháin**;
- (2) is cosúil go meastar ann nach bhfuil tréimhse thosta ag tír ach amháin i gcás ina ndéantar foráil maidir leis an tréimhse thosta sin i dtéarmaí **reachtacha** diana; mar shampla, meastar ann nach bhfuil tréimhse thosta ‘shonrach’ ag Éirinn, ós rud é nach ndéantar foráil maidir le ceann in aon Acht den Oireachtas.

Maidir leis an mbéim ar thoghcháin Eorpacha a bheith á rialáil le dlí na mBallstát, fágann sin nach ndéantar aon difríocht sa chaoi a láimhseáiltear imeachtaí vótála (reifrinn, toghcháin chuig parlaimintí náisiúnta) a chur in iúl sa Pháipéar. Agus an *caveat* sin á thabhairt faoi deara, tá sé réasúnta glacadh leis go bhféachann formhór na stáit le comhréiteach a bhaint amach i measc na ndlíthe lena rialáiltear cineálacha éagsúla imeachtaí vótála. Is féidir glacadh leis, dá bhrí sin, gur dócha go léirítear leis na forálacha a leagtar amach sa Pháipéar maidir le tréimhsí tosta do thoghcháin Eorpacha cóireáil chomhchosúil ar imeachtaí vótála baile.

Leis an bPáipéar tugtar faoi deara go gcuireann sé Bhallstát déag as AE-27 tréimhse thosta i bhfeidhm;³³ mar sin féin, tá athrú suntasach ann sa chaoi a bhfuil an toirmeasc leagtha amach i measc na mBallstát sin:

Fiú i measc na mBallstát sin nach gcuireann tréimhse thosta i bhfeidhm, athraíonn na forálacha náisiúnta: le cinn áirithe cuirtear srian nó toirmeasc ar fhoilsiú pobalbhreitheanna nó suirbhéanna poiblí (e.g. an Fhrainc, an Phortaingéil agus an tSlóvaic) agus canbhasáil toghcháin (an Liotuáin, an tSlóivéin agus an Ísiltír), nó cuirtear sraith srianta níos leithne i bhfeidhm lena gclúdaítear canbhasáil toghcháin, foilsiú pobalbhreitheanna agus fógraíocht pholaitiúil sna meáin chumarsáide, i

³³ Is iad sin: an Bhulgáir, an Chipir, an Chróit, Éire, an Fhrainc, an Ghréig, an Iodáil, an Laitvia, an Liotuáin, Málta, an Pholainn, an Phortaingéil, an Rómáin, an tSlóivéin, an tSlóvaic agus an Spáinn.

gcomhcheangail éagsúla. Sa Pholainn, mar shampla, leis an tréimhse thosta clúdaítear ‘corraíl’ toghcháin (toghchánaíocht), cruinnithe, slógaí, léirsithe chomh maith le foilsíú pobalbhreitheanna. Cuireann an Chipir toirmeasc ar chruinnithe, díospóireachtaí, fógraíocht pholaitiúil agus foilsíú pobalbhreitheanna.

A.3. Breathnuithe Choimisiún na Veinéise maidir le tost toghcháin

Tá sé tugtha faoi deara ag Coimisiún na Veinéise gurb amhlaidh sa chleachtas a chuireann formhór Bhallstáit Chomhairle na hEorpa³⁴ toirmeasc ar fheachtasaíocht toghcháin le linn tréimhse ghairid ama (lá amháin de ghnáth) sa tréimhse roimh imeachtaí vótála.³⁵ Tugann sé faoi deara freisin gurb amhlaidh i gcásanna áirithe (Poblacht na Seice, an Danmhairg, an tSeoirsia, an Ríocht Aontaithe agus Poblacht na Moldóive) atá na toirmisc ábhartha curtha in oiriúint ar bhealach níos cúinge do spásanna áirithe (laistigh de stáisiúin vótaíochta nó gar dóibh) nó cumarsáid trí na meáin murab ionann is cainéil eile. Maidir le barúil Choimisiún na Veinéise go bhfuil tréimhse thosta de chineál **éigin** ag formhór Bhallstáit Chomhairle na hEorpa, ní mór í a léirmhíniú i gcomhthéacs difríochtaí suntasacha i measc na stát sin i neart agus raon na tréimhse tosta.

Maidir le foilsíú pobalbhreitheanna a bhaineann le toghcháin, thug Coimisiún na Veinéise faoi deara gur gnách an rud é toirmeasc a chur ar fhoilsíú torthaí pobalbhreitheanna agus réamh-mheastachán torthaí go díreach roimh lá na vótála agus go dtí go ndúntar na pobalbhreitheanna. Mar sin féin, thug sé rabhadh freisin nár cheart do na toirmisc sin a bheith rófhada, ag díriú ar thoirmeasc seacht lá sa Chipir agus toirmeasc ceithre lá dhéag sa tSlóvaic mar nithe a d’fhéadfadh a bheith achrannach.³⁶

A.4. Dlíní eile faoin dlí coiteann

A.4.1. An Ríocht Aontaithe

Dála na hÉireann, tá an tréimhse thosta atá i bhfeidhm sa Ríocht Aontaithe bunaithe ar riail riaracháin a ghlac Ofcom. Faoi rialacha Ofcom, ní mór deireadh a chur le plé agus anailís nuair a osclaítear stáisiúin vótaíochta agus níor cheart dóibh tosú arís go dtí go ndúntar iad. Ní féidir le craoltóirí torthaí aon phobalbhreitheanna a fhoilsíú le linn an ama sin.

Ba cheart rialacha Ofcom a thuiscint freisin i gcomhthéacs sraith níos ginearálta de choinbhinsiúin ar a dtugtar an [tréimhse íogaireachta réamhthoghcháin](#). Tá an méid sin dírithe ar bhealach níos leithne ar chos a chur ar phearsana rialtais an toghcháin a shaobhadh go héagórach trí thionscnaimh nua nó chonspóideacha a fhógairt a d’fhéadfadh a bheith buntáisteach d’iarrthóirí nó páirtithe ar leith. Ach an tréimhse íogaireachta sin a bheith ann, tugtar aghaidh, go pointe, ar chuid de na hábhair imní a spreagann

³⁴ Tá Comhairle na hEorpa ina hinstiúid ar leithligh ón Aontas Eorpach. Bunaíodh an Chomhairle tar éis an Dara Cogadh Domhanda chun seasamh le cearta an duine agus leis an daonlathas san Eoraip. Tá 46 Ballstát aici (an Ísiltír, an Bheilg, Lucsamburg, an Danmhairg, an Fhrainc, an Iorua, an tSualainn, an Ríocht Aontaithe, Éire, an Iodáil, an Ghréig, an Íoslainn, an Tuirc, an Ghearmáin, an Ostair, an Chipir, an Eilvéis, Málta, an Phortaingéil, an Spáinn, Lichtinstéin, San Mairíne, an Fhionlainn, an Ungáir, an Pholainn, an Bhulgáir, an Eastóin, an Liotuáin, an tSlóivéin, Poblacht na Seice, an tSlóvaic, an Rómáin, Andóra, an Laitvia, an Mholdóiv, an Albáin, an Úcráin, an Mhacadóin Thuaidh, an Chróit, an tSeoirsia, an Airméin, an Asarbaiseáin, an Bhoisnia agus an Heirseagaivéin, an tSeirbia, Monacó, Montainéagró). Go dtí mí an Mhárta 2022 d’áirigh sí an Rúis freisin.

³⁵ [European Commission for Democracy through Law \(Venice Commission\), Report on Electoral Law and Electoral Administration in Europe](#), ag mír 186.

³⁶ [European Commission for Democracy through Law \(Venice Commission\), Report on Electoral Law and Electoral Administration in Europe](#), ag mír 187.

tostanna toghcháin: leis an dá bheart tugtar aghaidh ar na tionchair atá ag fógraí móra aon áisc nó ar thionchar saobhach a bheith ag míreanna nuachta ar thorthaí toghcháin.

Ó thaobh srianta reachtacha de, le halt 66A d'[Acht Ionadaíocht na nDaoine 1983](#) fágтар gur cion é pobalbhreith díreach tar éis vótála a fhoilsiú sula ndúnfar an vótaíocht. Sa mhéid sin, is foráil tosta toghcháin é sin atá tarraingthe ar bhealach an-chúng. D'eisigh Roghchoiste Theach na dTiarnaí maidir le Vótaíocht Pholaitiúil agus na Meáin Dhigiteacha Tuarascáil in 2018 inar mhol sé gan toirmisc níos leithne a chur ar fhoilsiú pobalbhreitheanna.³⁷ Luaigh sé taighde a rinne Seirbhís Leabharlainne agus Taighde an Oireachtais agus é á thabhairt faoi deara go ndéanann 16 as 28 dtír den Aontas³⁸ toirmisc a fhorhnuiniú ar fhoilsiú pobalbhreitheanna. Ar deireadh thiar, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid nach raibh sé 'cinnte den chás chun toirmeasc a thabhairt isteach ar an ngnóthas agus pobalbhreitheanna rúin vótála a fhoilsiú sa tréimhse roimh thoghcháin. Amach anseo, má leanann pobalbhreitheanna de bheith ina ndroch-réamhtháscaire ar na torthaí a bheidh ar thoghcháin sa deireadh thiar, agus má leanann na meáin a thuairiscíonn na pobalbhreitheanna sin de thionchar a imirt ar an bpobal agus ar dhioscúrsa polaitiúil ar bhealach míthreorach, neartófaí argóintí ó thacadóirí toirmisc'.

A.4.2. Stáit Aontaithe Mheiriceá

In *Mills in aghaidh Alabama*³⁹ bhreithnigh Cúirt Uachtarach na Stát Aontaithe cuid d'Acht Alabama um Chleachtas Éillitheacha. Le halt 285 den Acht sin, fágadh gur cion a bhí ann 'aon toghchánaíocht a dhéanamh nó aon vótaí a lorg ... mar thaca le haon mholadh, nó i gcoinne aon mholadh, ar a bhfuil vóta á chaitheamh an lá atá an toghchán lena ndéantar difear do na hiarrthóirí nó do na tairiscintí sin á reáchtáil'. Bhí an t-achomharcóir, James Mills, ina eagarthóir nuachtáin a d'fhoilsigh eagarfhocal agus vótálaithe á ngríosú go láidir cineál rialtais an mhéara agus na comhairle a ghlacadh i dtoghchán ar an tsaincheist sin. Cheistigh sé bunreachtúlacht alt 285. Ar dtús, sheas Cúirt Uachtarach Alabama le bunreachtúlacht an ailt, agus an méid seo a leanas á mholadh:

Is achtachán reachtach tairbheach é lena gcosnaítear an pobal ar mhuirir agus frithmhuirir mhearbhlacla ag an nóiméad deireanach agus dáileadh bolscaireachta mar iarracht chun tionchar a imirt ar vótálaithe lá toghcháin nuair is amhlaidh, mar ábhar praiticiúil, mar gheall ar easpa ama, nach féidir na cúrsaí sin a fhreagairt ná a bhfrinne a chinneadh go dtí go mbeidh an toghchán thart.

Ar achomharc, mheas Cúirt Uachtarach na Stát Aontaithe go raibh an argóint sin lochtach:

Fágann reacht na cúirte go bhfuil an tsaoirse ag daoine a muirir feachtais a radadh suas go dtí an nóiméad deireanach an lá roimh an toghchán. Leis an dlí atá bailíochtaithe ag Cúirt Uachtarach Alabama leantar ar aghaidh á rá gur cion é na muirir 'ag an nóiméad deireanach' sin a fhreagairt lá an toghcháin, an t-aon am amháin is féidir iad a fhreagairt go héifeachtach. Toisc gurb amhlaidh leis an dlí a choisctear aon fhreagra leordhóthanach ar na muirir sin, níl sé éifeachtach ar chor ar bith chun na toghthóirí a chosaint ar 'muirir agus frithmhuirir mhearbhlacla ag an nóiméad deireanach.'

Chinn an Chúirt Uachtarach go raibh Acht Alabama um Chleachtas Éillitheacha róshriantach agus cuireadh ar ceal é de dheasca gur sárú ar an gCéad Leasú é.

³⁷ [Select Committee on Political Polling and Digital Media, *The politics of polling* \(Páipéar TT 106\).](#)

³⁸ Ag an tráth a foilsíodh taighde an Oireachtais, bhí an Ríocht Aontaithe ina ballstát den Aontas Eorpach.

³⁹ [384 US 214 \(1966\).](#)



Mar gheall ar an gcás seo, b'fhéidir, agus cásdlí Chéad Leasú na Cúirte go ginearálta, is cosúil gur sheachain reachtas stát Mheiriceá forálacha tosta toghcháin ar eagla gur cúngach míbhunreachtúil é sin ar shaoirse cainte. Tá an treoht sin sách feiceálach agus spásanna timpeall stáisiúin vótaíochta á rialáil tar éis bhreithiúnas na Cúirte Uachtaraí in *Burson in aghaidh Freeman*.⁴⁰

A.4.3. Ceanada

Dála na Stát Aontaithe, thug cúirteanna Ceanada aghaidh ar bhunreachtúlacht forálacha tosta toghcháin áirithe ar bhealach a rinne difear, is dócha, do chonair forálacha tosta ina dhiaidh sin.

In *Thomson Newspapers in aghaidh Ceanada*⁴¹ bhreithnigh an Chúirt Uachtarach alt 322(1) d'Acht Ceanada um Thoghcháin. Leis an gcuid sin, rinneadh foráil maidir leis an méid seo a leanas:

Ní dhéanfaidh aon duine torthaí pobalbhreithe a chraoladh, a fhoilsiú ná a scaipeadh maidir le conas a vótálfaidh toghthóirí ag toghchán ná maidir le ceist toghcháin lena gceadófaí páirtí polaitíochta nó iarrthóir a shainathint ó mheán oíche an Aoine roimh an lá vótaíochta go dtí go ndúnfar na stáisiúin vótaíochta uile.

Mheas formhór na Cúirte Uachtaraí gur cur isteach míbhunreachtúil é sin ar alt 1 de Chairt Ceanada um Chearta agus Saoirsí. Sin, d'ainneoin an chinnidh ón gCúirt nach raibh feidhm ag an toirmeasc ach maidir le torthaí vótaíochta 'nua' (is é sin, torthaí neamhluaithe amhail ó mheán oíche an Aoine roimh lá an toghcháin). Tá codarsnacht idir é sin agus toirmisc i ndlínsí eile lena gcuirtear toirmeasc freisin ar **thráchtairacht** ar thorthaí vótaíochta, ar toirmisc iad lena gcumhdófaí freisin tuilleadh tráchtairachta ar phobalbhreitheanna a rinneadh agus a foilsíodh tráth níos luaithe.

Níos déanaí fós, rinneadh alt 329, mar a bhí, d'Acht Ceanada um Thoghcháin – lenar cuireadh toirmeasc ar dháileadh torthaí toghcháin i réigiúin Ceanada nach raibh pobalbhreitheanna dúnta iontu fós – a aisghairm. Ceistíodh an fhoráil sin go míráthúil roimh an gCúirt Uachtarach, agus chinn a formhór gur srian ceadmhach ar shaoirse cainte ba ea an cuspóir a bhaineann le cosc a chur ar Ceanadaigh áirithe eolas a fháil ar na torthaí vótála i gcodanna eile de Ceanada.⁴² D'ainneoin an bhua sin do Rialtas Ceanada sna cúirteanna, d'aisghair sí alt 329 in 2014 leis an Acht um Thoghcháin Chóra. Is cosúil gurb é an chúis a bhí aici le déanamh amhlaidh gur mheas sí nach raibh an fhoráil sách in-fheidhmithe i bhfianaise 'úsáid fhorleathan na meán sóisialta agus teicneolaíochta cumarsáide nua-aimseartha eile'.⁴³ Rud atá suimiúil, i dtréimhse chomh fada siar le 1991 bhí an Coimisiún Ríoga um Athchóiriú Toghchánach agus Maoiniú Páirtí cáinteach maidir le hin-fhorfheidhmitheacht an toirmisc fiú amháin bunaithe ar theicneolaíocht teileachumarsáide na tréimhse sin:

Fágann Acht Ceanada um Thoghcháin gur cion é torthaí toghcháin a fhoilsiú in aon limistéar sula gcuirtear deireadh leis an vótáil sa limistéar sin. Maidir leis an bhforáil sin, rud a glacadh an tráth a úsáideadh an teileagraf chun torthaí toghcháin a chur in iúl, cuireadh as feidhm í le forbairtí i dteicneolaíocht chraolacháin agus teileachumarsáide, a d'fhág gur deacra scaipeadh torthaí toghcháin a rialú. Is féidir le stáisiúin teorann S.A. torthaí toghcháin a chraoladh ó Oirthear Ceanada sula mbeidh breathnóirí nó éisteoirí

⁴⁰ [504 SA 191 \(1992\)](#). Chun teacht ar thionchar *Burman* maidir le conas a thógann reachtas stáit criosanna spásúla lena sriantar caint timpeall stáisiúin vótaíochta, féach: [Nicholas Petrosky, 'Election Silence: Revisiting Mills v Alabama in the Modern Context' \(2022\) 47 University of Dayton Law Review 135](#).

⁴¹ [\[1998\] 1 SCR 877](#).

⁴² *R in aghaidh Bryan* [\[2007\] 1 SCR 527](#).

⁴³ [Harper Government Committed to Repealing Dated Ban on Early Communication of Election Results - Canada.ca](#)

in Iarthar Cheanada tar éis deireadh a chur leis an vótáil. Tá sé dodhéanta freisin stop a chur le torthaí a athsheachadadh chuig an Iarthar tríd an teileafón nó mar fhacs sula ndúntar na pobalbhreitheanna agus tá sé deacair ar bhealach méadaitheach bac a chur ar stáisiúin teilifíse Cheanada a fhoilsíonn nuacht toghcháin glacadh a fháil san Iarthar trí shatailít nó cábla.⁴⁴

Faoi dhlí Cheanada ag an am scríofa tá toirmeasc ar fhógraíocht toghcháin lá na vótaíochta;⁴⁵ mar sin féin, ní hé gur ann do 'tréimhse thosta' dáiríre faoi dhlí cónaidhme Cheanada tar éis an cháis *Thomson Newspapers* agus aisghairm alt 329.

A.4.4. An Astráil

Faoi ailt 3A agus 3B de Sceideal 2 den [Acht um Sheirbhísí Craoltóireachta 1992](#) cuirtear cosc ar chraoltóirí teilifíse agus raidió aon 'fógraíocht toghcháin' a chraoladh le linn na 'tréimhse ábhartha' maidir le toghcháin agus reifrinn araon. Sainmhínítear an 'tréimhse ábhartha' mar a bheith ag tosú ag 'deireadh na Céadaoin' (i.e. meán oíche Dé Céadaoin) roimh lá na vótaíochta/na vótála. San Astráil, bíonn lá na vótaíochta/na vótála ar an Satharn i gcónaí agus, mar sin, go feidhmiúil, tréimhse thosta atá ann sin lena gclúdaítear **48 n-uair an chloig roimh an vótaíocht** chomh maith leis an tréimhse vótaíochta féin.

Go mór mór, áfach, ní leathnaíonn an toirmeasc sin ach chuig **fógraíochtaí toghcháin** agus **fógraíochtaí reifrinn**. Sainmhínítear gach ceann díobh sin mar a leanas:

ciallaíonn **fógraíocht toghcháin**, i ndáil le toghchán, an méid seo a leanas:

- (a) fógraíocht:
 - (i) ina bhfuil ábhar toghcháin a bhaineann leis an toghchán sin; agus
 - (ii) maidir leis an gcráoladh ar ina leith a fuair nó a gheobhaidh an ceadúnaí ábhartha, go díreach nó go hindíreach, aon airgead nó comaoin eile; nó
- (b) fógra ina bhfuil ráiteas á rá go bhfuil clár le craoladh nó craolta nó gur urraigh duine nó daoine é agus é á léiriú gur iarrthóir an duine, nó gur iarrthóirí iad duine amháin nó níos mó de na daoine, tráth an toghcháin; nó
- (b) fógra ina bhfuil ráiteas á rá gurb amhlaidh maidir le clár atá le craoladh nó a craoladh cheana go n-urraíonn nó gur urraigh páirtí polaitíochta ar leith é i gcás ina mbaineann iarrthóir tráth an toghcháin leis an bpáirtí sin.

...

fógraíocht reifrinn, i ndáil le reifreann, ciallaíonn sé fógraíocht:

- (a) ina bhfuil ábhar reifrinn (de réir bhrí Acht an Reifrinn (Forálacha Innealra) 1984)⁴⁶ a bhaineann leis an reifreann sin; agus
- (b) maidir leis an gcráoladh ar ina leith a fuair nó a gheobhaidh an ceadúnaí ábhartha, go díreach nó go hindíreach, aon airgead nó comaoin eile.

⁴⁴ Tuarascáil ón gCoimisiún Ríoga um Athchóiriú Toghchánach agus Maoiniú Páirtí ('Tuarascáil Lortie'), imleabhar 2, [leathanach 84](#).

⁴⁵ [Alt 323](#) d'Acht Cheanada um Thoghcháin.

⁴⁶ Leis an sainmhíniú sin, sonraítear ábhar reifrinn mar 'ábhar a cuireadh in iúl nó a bheartaítear a chur in iúl ar mhaithe, go príomha, le tionchar a imirt ar an mbealach a gcaitheann vótálaithe vóta ag reifreann'.

Tá cosúlacht éigin idir riail na hAstráile agus riail na hÉireann. Go háirithe, níl feidhm ag riail na hAstráile ach maidir le craoltóirí ar an mbealach ceannann céanna a mbaineann riail na hÉireann leo. Tá sí níos cúinge ná riail na hÉireann maidir leis an ábhar a chlúdaítear. I gcás ábhar toghcháin nó reifrinn araon, le reachtaíocht na hAstráile ceanglaítear gur íocadh an t-ábhar nó gur urraíodh é ar bhealach éigin.

Leis na hathbhreithnithe parlaiminteacha maidir le toghcháin fheidearálacha 2016, 2019 agus 2022 de chuid na hAstráile rinneadh cáineadh ar na dlíthe lándorchaithe.⁴⁷ Le déanaí, mhol an coiste athbhreithnithe go bhfuil na rialacha neamhréireach agus leag finnétithe leis na coistí béim ar a thábhachtaí atá sé nach bhfuil an réimse digiteach gafa agus gurb é atá i gceist le vótáil réamhvótaíochta go gcaitheann vótálaithe áirithe de chuid na hAstráile a mballóidí sula dtagann an tréimhse lándorchaithe in éifeacht fiú amháin. Cé nach bhfuil aon analóg ag baint leis an tsaincheist réamhvótaíochta sin in Éirinn, ós rud é nach bhfuil vótaí réamhvótaíochta indéanta ach le haghaidh líon an-teoranta vótálaithe sa dlínse seo, is léir go bhfuil na saincheistanna a ardaíodh maidir leis na meáin dhigiteacha ábhartha.

D'ainneoin gur ghlaigh an coiste ar dtús go ndéanfaí athbhreithniú ar an bhforáil lándorchaithe agus, le déanaí, go gcuirfí deireadh léi, is ann don fhoráil sin i ndlí na hAstráile fós. Is é an phríomhchúis atá leis an moladh sin machaire réidh a chruthú idir na meáin chraolta thraidisiúnta agus na meáin dhigiteacha, agus is é an t-aon bhealach inchreidte amháin chun é sin a bhaint amach na meáin chraolta a dhírrialáil seachas na meáin ar líne a rialáil, rud a chruthódh dúshláin forfheidhmithe shuntasacha.

⁴⁷ [Athbhreithniú ar Thoghchán 2013](#), [Athbhreithniú ar Thoghchán 2016](#), [Athbhreithniú ar Thoghchán 2019](#), [Athbhreithniú ar Thoghchán 2022](#).

Annex B

Suirbhé Choimisiún na Meán ó thaobh Dearcaidh: Clúdach Toghcháin agus Srianta Craolta

B.1. Réamhrá

Mar chuid dá thiomantas do bheartas agus cinnteoireacht eolach agus bunaithe ar fhianaise, choimisiúnaigh Coimisiún na Meán an tsainchomhairleoireacht taighde margaidh Ipsos B&A i mí an Mheithimh 2024 chun taighde a dhéanamh ar thuairimí an phobail maidir le srianta craolacháin le linn clúdach toghcháin agus reifrinn, maidir leis na toghcháin áitiúla agus Eorpacha is déanaí agus ar bhealach níos gearrála araon.

Ó thaobh modheolaíochta de, rinneadh suirbhé saincheaptha agus úsáid á baint as teicneolaíocht CATI (agallóireacht teileafóin ríomhchuidithe). Rinneadh na hagallaimh teileafóin le sampla atá ionadaíoch go náisiúnta de 1,000 duine fásta atá 18+ mbliana d'aois. Rinneadh na sonraí a mheá de réir aoise, inscne, réigiúin, stádas socheacnamaíoch agus gnóthachtáil oideachais, chun a áirithiú gur léiríodh an pobal leis an sampla. Cuireadh tús leis an obair allamuigh an 8 Meitheamh 2024, an lá tar éis na dtoghchán Eorpach agus áitiúil, agus cuireadh i gcrích í an 14 Meitheamh 2024. Seo a leanas achoimre ar phríomhthorthaí taighde IPSOS B&A.

B.2. Torthaí

B.2.1. Iniúchadh a dhéanamh ar na foinsí meán a úsáideadh riamh

Leis an gceist oscailte fiafraíodh de fhreagróirí cé na foinsí meán a d'úsáid siad riamh, agus an teilifís, an raidió, an cló, aipeanna curtha teachtaireachtaí, na meáin shóisialta agus fóraim ar líne á dtairiscint mar roghanna. Leis na freagraí léiríodh go n-úsáideann 82% díobh aipeanna curtha teachtaireachtaí, go n-úsáideann 75% díobh na meáin shóisialta, go n-úsáideann 75% díobh raidió de chuid na hÉireann, go n-úsáideann 71% díobh teilifís de chuid na hÉireann, go n-úsáideann 60% díobh nuacht de chuid na hÉireann ar líne agus suíomhanna nuachta teilifíse/raidíó, go léann 40% díobh páipéir chlóite de chuid na hÉireann, agus gur úsáid 17% díobh fóraim agus blaganna ar líne.

Na Foinsí Meán a Úsáideadh Riamh		
Aipeanna curtha teachtaireachtaí (e.g. WhatsApp, Snapchat, Telegram)	82%	821
Na Meáin Shóisialta (e.g. Facebook, Twitter/X, Instagram, Youtube, TikTok, Snap)	75%	752
Raidió de chuid na hÉireann (e.g. Today FM, Newstalk, RTÉ, an Raidió Áitiúil)	75%	750
Teilifís de chuid na hÉireann (e.g. RTÉ, Virgin One)	71%	711
Nuacht ar Líne de chuid na hÉireann agus suíomhanna gréasáin Teilifíse/Raidíó (e.g. The Journal, RTÉ ar líne)	60%	599
Nuachtáin chlóite de chuid na hÉireann (e.g. The Irish Times, The Irish Independent, The Sun)	40%	398
Fóraim agus blaganna plé ar líne (e.g. Boards, Quora)	17%	166

C1: As na foinsí meán seo a leanas cé na cinn a úsáideann tú riamh?
An bonn: Na freagróirí uile: 1,001.
Rinne IPSOS B&A (©) an suirbhé thar ceann Choimisiún na Meán.

Leis an suirbhé cinneadh cé gurb amhlaidh a úsáideann 71% de dhaoine ar fud na n-aoisghrúpaí uile na meáin chraolta teilifíse agus raidíó, tá tóir orthu go háirithe i measc na ndaoine sin atá 55 bliana d'aois agus níos sine, agus d'úsáid 89% agus 87% díobh na meáin chraolta teilifíse agus raidíó, faoi seach. Úsáideann 65% de mhná agus 55% d'fhir suíomhanna gréasáin nuachta ar líne agus teilifíse/raidíó nuachta de chuid na hÉireann, agus i ndáil le catagóirí aoise tá tóir orthu go háirithe trasna an aoisghrúpa 35-44 (70%). Maidir le húsáid na meán sóisialta baintear an bhuaic amach ina measc sin atá idir 18-34 (95%) agus téann

sí síos chuig 53% dóibh sin atá 55+ bliana d'aois. Tá úsáid aipeanna curtha teachtaireachtaí ar an leibhéal is airde dóibh sin idir 35 agus 54 bliana d'aois (91%), agus é á laghdú chuig 61% dóibh sin atá os cionn 65 bliana d'aois. Bhí an tóir is mó ar fhórait phlé ar líne leis an gcohort 18-24 (25%), cé nach ndúirt ach 8% dóibh sin os cionn 55 bliana d'aois go bhfuair siad rochtain orthu.

B.2.2. Na foinsí meán a bhí in úsáid ag agallaithe do nuacht agus eolas timpeall toghchán agus reifreann

Nuair a cuireadh ceist ar na freagróirí faoi na foinsí nuachta agus eolais a raibh rochtain acu orthu timpeall na dtoghchán áitiúil agus Eorpach a réachtáladh le déanaí, agus timpeall toghchán agus reifreann ar bhealach níos ginearálta, tháinig méadú ar na foinsí eolais chun eolas iarrthóirí a áireamh (e.g. póstaeir, bileoga, cuairteanna ó dhoras go doras) agus eolas ón gCoimisiún Toghcháin (e.g. leabhráin, suíomh gréasáin, físeáin eolais).

Bhí eolas iarrthóirí ar an bhfoinse nuachta agus eolais is mó a úsáideadh sa chomhthéacs sin (74%), agus raidió de chuid na hÉireann ina dhiaidh sin (64%), teilifís de chuid na hÉireann (62%), suíomhanna gréasáin nuachta ar líne de chuid na hÉireann (56%), na meáin shóisialta (51%), eolas ón gCoimisiún Toghcháin (35%), aipeanna curtha teachtaireachtaí (23%) agus fórait phlé ar líne (9%).

Na Foinsí Meán a Úsáideadh le haghaidh Nuachta agus Eolais timpeall Toghchán agus Reifreann	Uile	
Eolas iarrthóirí – póstaeir, bileoga, cuairteanna ó dhoras go doras	74%	737
Raidió de chuid na hÉireann (e.g. Today FM, Newstalk, RTÉ, an Raidió Áitiúil)	64%	638
Teilifís de chuid na hÉireann (e.g. RTÉ, Virgin One)	62%	619
Nuacht ar Líne de chuid na hÉireann agus suíomhanna gréasáin Teilifíse/Raidió (e.g. The Journal, RTÉ ar líne)	56%	563
Na Meáin Shóisialta (e.g. Facebook, Twitter/X, Instagram, Youtube, TikTok, Snap)	51%	514
Eolas an Choimisiúin Toghcháin (e.g. leabhrán, suíomh gréasáin, físeáin eolais)	35%	350
Nuachtáin chlóite de chuid na hÉireann (e.g. The Irish Times, The Irish Independent, The Sun)	32%	318
Aipeanna curtha teachtaireachtaí (e.g. WhatsApp, Snapchat, Telegram)	23%	232
Fórait agus blaganna plé ar líne (e.g. Boards, Quora)	9%	94

C2: Agus machnamh á dhéanamh go sonrath ar an nuacht agus eolas timpeall na dtoghchán le déanaí, agus ar bhealach níos ginearálta ar thoghcháin agus reifrinn, inis dom má d'úsáid tú aon cheann díobh seo a leanas mar fhoinse do nuacht agus eolas faoi na toghcháin?
 An bonn: Na freagróirí uile: 1,001
 Rinne IPSOS B&A (©) an suirbhé thar ceann Choimisiún na Meán.

Nuair a fiafraíodh de na freagróirí ansin an fhoinse is tábhachtaí a lua chun nuacht agus eolas a fháil timpeall toghchán, bhí raidió de chuid na hÉireann agus na meáin shóisialta ar comhscór sa chéad áit agus 18% acu araon. Le teilifís de chuid na hÉireann agus eolas iarrthóirí baineadh amach 17% araon, shainithin 16% an nuacht ar líne agus suíomhanna gréasáin teilifíse/raidió de chuid na hÉireann, chláraigh an Coimisiún Toghcháin 3%, cé nár léirigh ach 1% aipeanna curtha teachtaireachtaí nó fórait phlé ar líne mar a bpríomhfhoinse eolais timpeall toghchán.

Na Foinsí is Tábhachtaí le haghaidh Nuachta agus Eolais timpeall Toghchán agus Reifreann		
Teilifís de chuid na hÉireann (e.g. RTÉ, Virgin One)	17%	173
Raidió na hÉireann (e.g. Today FM, Newstalk, RTÉ, an Raidió Áitiúil)	18%	177
Nuachtáin chlóite de chuid na hÉireann (e.g. The Irish Times, The Irish Independent, The Sun)	5%	48

Nuacht ar Líne de chuid na hÉireann agus suíomhanna gréasáin Teilifíse/Raidió (e.g. The Journal, RTÉ ar líne)	16%	156
Na Meáin Shóisialta (e.g. Facebook, Twitter/X, Instagram, Youtube, TikTok, Snap)	18%	177
Aipeanna curtha teachtaireachtaí (e.g. WhatsApp, Snapchat, Telegram)	1%	9
Fórais agus blaganna plé ar líne (e.g. Boards, Quora)	1%	6
Eolas an Choimisiúin Toghcháin (e.g. leabhrán, suíomh gréasáin, físeáin eolais)	3%	31
Eolas iarrthóirí – póstaer, bileoga, cuairteanna ó dhoras go doras	17%	170
Líon ar bith/Ní fios	5%	55

C3: Agus cén ceann AMHÁIN de na foinsí seo a bhí ar an bhfoinse BA THÁBHACHTAÍ chun nuacht agus eolas a fháil maidir leis an toghchán nó na toghcháin/na reifrinn is déanaí ar bhealach níos ginearálta.

An bonn: Na foinsí uile a luadh in C2.

Rinne IPSOS B&A (©) an suirbhé thar ceann Choimisiún na Meán.

Bhí teilifís de chuid na hÉireann ar an bpríomhfhoinsé eolais toghcháin i measc an ghrúpa 55+ (31%), cé go raibh an céatadán a shainithin teilifís de chuid na hÉireann mar a bpríomhfhoinsé eolais i measc an ghrúpa daoine idir 18 agus 34 bliana d'aois cothrom le 7%. Os a choinne sin, cláraíodh eolas iarrthóirí, amhail póstaer, bileoga, cuairt ó dhoras go doras etc. mar an phríomhfhoinsé eolais agus nuachta i measc na ngrúpaí is óige, 30% de dhaoine idir 18 agus 24 bliana, agus níor chláraigh ach 12% den chohórt 55+ é mar a bpríomhrogha. Bhí an raidió ar an bpríomhfhoinsé do dhaoine idir 55-65 bliana d'aois (30%), agus níor roghnaigh ach 5% de dhaoine idir 18-24 bliana d'aois é mar a bpríomhrogha. Ar an iomlán, tá teilifís agus raidió de chuid na hÉireann ina rogha láidir don chohórt is sine ná 55+ bliana d'aois, agus roghnaigh 58% díobh an teilifís nó raidió don cheist sin.

I measc na ndaoine idir 18-34 bliana d'aois, tá na meáin shóisialta ar an bpríomhfhoinsé ag 29%, agus tháinig eolas iarrthóirí sa dara háit (24%). Sa ghrúpa sin roghnaigh 7% an teilifís, 6% an raidió agus 3% nuachtáin chlóite. Bhí na meáin shóisialta ar an bhfoinse ba thábhachtaí freisin don aoisghrúpa 35-54 bliana d'aois (22%) agus tháinig an raidió agus an nuacht ar líne (18% an ceann), eolas iarrthóirí (16%) agus an teilifís (12%) ina dhiaidh sin.

B.2.3. Tionchar na meán is tábhachtaí ar an gcinneadh vótála

Nuair a fiafraíodh díobh faoin tionchar a bhí ar a meáin ba thábhachtaí, chreid 54% díobh gurb amhlaidh a bhí tionchar ag a bhfoinse meán ba thábhachtaí ar a gcinneadh vótála, agus d'ardaigh an leibhéal sin chuig 72% i measc daoine idir 18-24 bliana d'aois.

Tionchar na bPríomh-Mheán ar an gCinneadh Vótála		
Is ea, bhí tionchar aige sin ar mo chinneadh	54%	542
Ní hea, ní raibh tionchar aige sin ar mo chinneadh	39%	392
Diúltaíodh/Ní fios	7%	67

C4: Agus an ndéarfá go raibh nó nach raibh tionchar ag an bhfoinse eolais sin ar do chinneadh maidir leis an bpáirtí nó leis an iarrthóir ar cheart vóta a chaitheamh ar a shon nó ar a son, nó ar bhealach níos ginearálta, go bhfuil nó nach bhfuil tionchar aici ar do thuairimí maidir le toghcháin agus reifrinn?

An bonn: Na príomhfhoinsí uile a luadh ag C3.

Rinne IPSOS B&A (©) an suirbhé thar ceann Choimisiún na Meán.

I measc na bhfreagróirí dúirt 60% de mhná agus 48% d'fhir go raibh tionchar ag a bpríomhfhoinsé meán ar a gcinneadh vótála. Ina measc sin a bhí ag obair (64%) agus ag a raibh leibhéal oideachais níos airde (61%) ba dhóchúla go ndéarfadís go raibh tionchar ag a rogha meán ar a rogha vótála. Ina measc sin a roghnaigh na meáin chraolta – raidió nó teilifís – mar a bhfoinse ba thábhachtaí, dúirt 55% nach raibh tionchar ag na meáin ar a gcinneadh vótála.



B.2.4. Tuairim agallaithe ar rialacha craolacháin

Ag an bpointe seo den agallamh teileafóin, léadh amach sonraí de rialacha an mhoratóra craolacháin do na hagallaithe, agus cuireadh an téacs seo a leanas i láthair:

Tá rial i bhfeidhm ag Coimisiún na Meán gur cheart do chraoltóirí raidió agus teilifíse de chuid na hÉireann deireadh a chur lena gclúdach ar thoghcháin agus reifrinn ag 2pm an lá sula dtarlaíonn an vóta. Ciallaíonn sin nach féidir le craoltóirí de chuid na hÉireann plé a dhéanamh ar ábhair reifrinn ná beartais páirtithe polaitíochta ná iarrthóirí éagsúla ó 2pm an lá roimh an vóta, go dtí go ndúntar na stáisiúin vótaíochta lá na vótála. Níl feidhm aige sin ach amháin maidir le craoltóirí teilifíse agus raidió de chuid na hÉireann agus níl feidhm aige maidir le nuachtáin, na meáin shóisialta ná suíomhanna gréasáin.

Fiafraíodh de na hagallaithe ansin, 'I do thuairim, an gceapann tú go bhfuil na rialacha sin éifeachtach, nó neamhéifeachtach, chun clúdach ar na toghcháin a shrianadh ó 2pm an lá roimh na toghcháin go dtí go ndúntar an vótaíocht?' Mar fhreagra ar an gceist sin, dúirt 52% nach raibh na srianta éifeachtach, agus dúirt 40% go raibh siad éifeachtach.

Éifeachtacht Rialacha na Meán Craolta		
Éifeachtach	40%	399
Neamhéifeachtach	52%	524
Diúltaíodh/Ní fios	8%	78
C5: I do thuairim, an gceapann tú go bhfuil na rialacha sin éifeachtach, nó neamhéifeachtach, chun clúdach ar na toghcháin a shrianadh ó 2pm an lá roimh na toghcháin go dtí go ndúntar an vótaíocht? An bonn: Na freagróirí 18+ uile: 1,001 Rinne IPSOS B&A (©) an suirbhé thar ceann Choimisiún na Meán.		

Astu sin a dúirt gur vótáil siad sna toghcháin áitiúla agus Eorpacha is déanaí, dúirt 57% díobh nach raibh na rialacha éifeachtach, agus dúirt 38% díobh go raibh siad éifeachtach. As measc na neamhvótálaithe, dúirt 41% díobh nach raibh na rialacha éifeachtach agus níor chuir 13% díobh tuairim in iúl. I measc aoisghrúpaí sonracha, ba iad na daoine sin san aoisghrúpa 45-54 bliana d'aois, cothrom le 60%, ba mhó a thacaigh leis an tuairim nach raibh na rialacha éifeachtach. I gcás 50% díobh sin a deir go bhfuil na meáin chraolta ar an bhfoinse eolais toghcháin is tábhachtaí atá acu, dúirt siad nach raibh na rialacha éifeachtach, agus dúirt 43% díobh gurb amhlaidh a bhí siad éifeachtach.

B.2.5. Tuairim i ndáil leis na srianta craolacháin a choinneáil, a bhaint nó a mhodhnú

Nuair a fiafraíodh díobh cé acu ba cheart nó nár cheart na srianta a choinneáil, a bhaint nó a mhodhnú, dúirt 41% díobh gur cheart na srianta a choimeád i bhfeidhm mar atá, dúirt 23% díobh gur cheart iad a mhodhnú chun nach gclúdófar ach an tréimhse atá na stáisiúin vótaíochta ar oscailt, agus dúirt 32% díobh nach raibh gá leis na srianta agus gur cheart iad a bhaint.

Tuairim i ndáil leis na Srianta Craolacháin		
Ba cheart na srianta a choimeád mar atá, i.e. ó 2pm an lá roimh an toghchán	41%	410
Ba cheart na srianta a choimeád ach iad modhnaithe chun nach rithfidís ach le linn uaireanta vótaíochta, i.e. lá an toghcháin	23%	230

Níl gá leis na srianta agus ba cheart iad a bhaint	32%	321
Diúltaíodh/Ní fios	4%	40
<p>C6: Tá na srianta reifrinn agus toghcháin sin á mbreithniú faoi láthair, agus ba mhór againn d'aiseolas maidir lena ábhartha atá siad. Cén ceann de na freagraí sin is fearr a thagann le do thuairim i ndáil leis na srianta craolacháin? An bonn: Na freagróirí 18+ uile: 1,001 Rinne IPSOS B&A (©) an suirbhé thar ceann Choimisiún na Meán.</p>		

Ina measc sin a shonraigh go raibh na meáin chraolta ar a bpríomhfhoinsé eolais, dúirt 47% díobh gur cheart do na srianta leanúint de bheith ann, dúirt 22% díobh gur cheart dóibh a bheith ann ach a bheith modhnaithe, agus dúirt 28% díobh nach raibh gá leis na srianta agus gur cheart iad a bhaint. Bhí tacaíocht chun srianta a choinneáil ar an leibhéal ba thábhachtaí i measc an aoisghrúpa 55+ bliana (46%) agus i measc fear (43%). Ina measc sin a thacaíonn le modhnú ar shrianta, tháinig na leibhéil ab airde tacaíochta uathu sin atá 18-34 bliana d'aois (30%) agus ó mhná (26%). Dúirt 37% den aoisghrúpa idir 35-54 bliana d'aois nach bhfuil gá leis na srianta agus gur cheart iad a bhaint.

B.2.6. Cúiseanna tacaíochta chun srianta a choimeád

Maidir leis na freagróirí a dúirt gur cheart do na srianta fanacht mar atá siad faoi láthair, sin nó agus srianta áirithe ann (64% den iomlán), tairgeadh rogha cúiseanna féideartha dóibh maidir leis an bhfáth ar cheart srianta a choinneáil, agus fiafraíodh díobh an ceann is mó a bhí ag teacht lena dtuairim a roghnú. Dúirt 27% díobh go raibh cinneadh déanta cheana ag daoine ag an bpointe sin; dúirt 22% gur féidir le heolas ag an nóiméad deireanach – cibé acu cruinn nó míthreorach – tionchar a imirt ar chinntí; dúirt 21% go raibh am agus spás ag teastáil ó dhaoine chun a gcinntí a dhéanamh; dúirt 14% díobh go mbeidh clúdach leordhóthanach ann faoin bpointe sin; agus dúirt 13% díobh gur féidir leis an iomarca clúdaigh a bheith mearbhlach.

Cúiseanna le Srianta a Choimeád i bhFeidhm Fiú Amháin agus iad Modhnaithe (Spreagtha)		
Teastaíonn am agus spás ó dhaoine chun a gcinneadh a dhéanamh	21%	133
Is féidir leis an iomarca clúdaigh a bheith mearbhlach	13%	86
Bhí go leor clúdaigh ann faoin tráth sin	14%	89
Is féidir le heolas ag an nóiméad deireanach cibé acu beacht nó míthreorach tionchar a imirt ar chinntí	22%	142
Tá cinneadh déanta cheana ag daoine cé na daoine a gcaithfidh siad vóta ar a son ag an gcéim sin	27%	171
Eile	2%	15
Diúltaíodh/Ní fios	1%	4
<p>C7: Tá mé chun cúiseanna áirithe a léamh amach maidir leis an bhfáth a bhféadfaí srianta a choimeád i bhfeidhm, fiú dá mbeidís modhnaithe. Éist leis na barúlacha uile agus ansin roghnaigh an ceann AMHÁIN is mó a thagann le do thuairim féin. Nó is féidir go mbeidh cúis eile ann ba mhaith leat a chur ar aghaidh. An bonn: Na cóid uile 1 nó 2 @ 640. Rinne IPSOS B&A (©) an suirbhé thar ceann Choimisiún na Meán.</p>		

Níor bhraith ach 4% den aoisghrúpa 65+ gur féidir le heolas ag an nóiméad deireanach tionchar a imirt ar chinntí, agus d'ardaigh an líon sin chuig 38% i measc an aoisghrúpa 18-34 bliana d'aois. Agus i measc na ndaoine sin os cionn 65 bliana d'aois, dúirt 50% díobh gur chinn daoine cé a gcaithfidís vóta ar a son ag an gcéim sin cheana féin, agus níor bhraith ach 15% de na daoine idir 18-34 bliana d'aois gur mar sin a bhí an cás.



B.2.7. Cúiseanna tacaíochta chun srianta a bhaint

Maidir leis na freagróirí a dúirt nach raibh gá leis na srianta (32% san iomlán), tairgeadh rogha cúiseanna féideartha dóibh leis an bhfáth nár cheart srianta a choinneáil, agus fiafraíodh díobh an ceann ba mhó a bhí ag teacht lena dtuairim a roghnú. Dúirt 32% de dhaoine go raibh siad neamhchosanta ar chlúdach toghcháin ar na meáin shóisialta nó sna nuachtáin ar aon nós, agus bhraith 30% díobh nach ndearna na srianta pioc dífir maidir leis an mbealach a vótáil daoine. I measc na bhfreagraí eile, dúirt 12% díobh gur theastaigh rochtain ar eolas uathu ós rud é go bhféadfadh sin a bheith ina chabhair chun cinneadh a dhéanamh maidir le conas vótáil, dúirt 8% díobh go bhféadfadh nuacht ábhartha teacht chun bheith ar fáil le linn an ama scoite, dúirt 7% díobh nach ndéantar foráil sna srianta maidir le ham do na meáin chun mífhaisnéis agus bréagaisnéis ar na toghcháin a chomhrac, agus dúirt 5% de dhaoine go bhfeiceann nó go gcloiseann siad clúdach ar na toghcháin ar eagraíochtaí meán de chuid na Breataine/ón gcoigríoch ar aon nós.

Cúiseanna chun Srianta a Bhaint		
Ní dhéanann na srianta difear ar bith don chaoi a vótálann daoine	30%	98
Féadfaidh nuacht agus eolas ábhartha teacht chun bheith ar fáil le linn na tréimhse scoite	8%	26
Tá daoine neamhchosanta ar chlúdach toghcháin ar na meáin shóisialta nó i nuachtáin ar aon nós	32%	104
Ní dhéantar foráil leis sin maidir le ham do na meáin chun mífhaisnéis agus bréagaisnéis ar na toghcháin a chomhrac	7%	21
Teastaíonn rochtain ar eolas uaim ós rud é go bhféadfadh sé a bheith cabhrach maidir le cinneadh a dhéanamh i dtaobh conas vóta a chaitheamh	12%	39
Feiceann nó cloiseann daoine clúdach ar na toghcháin ar eagraíochtaí de chuid na Breataine/ón gcoigríoch ar aon nós	5%	15
Eile	5%	15
Diúltaíodh/Ní fios	1%	3

C8: Tá mé chun barúlacha a léamh amach i ndáil leis an bhfáth nach bhfuil gá le srianta agus ar cheart iad a bhaint. Éist leis na barúlacha uile agus roghnaigh an ceann AMHÁIN ansin is mó a thagann le do thuairim féin. Nó is féidir go mbeidh cúis eile ann ba mhaith leat a chur ar aghaidh.

An bonn: Cód 3 uile @ C6: 321

Rinne IPSOS B&A (©) an suirbhé thar ceann Choimisiún na Meán.

I bhfianaise athruithe i measc aoisghrúpaí sonracha, dúirt 61% díobh sin os cionn 65 bliana d'aois nach ndéanann na srianta difear ar bith maidir le conas a vótálann daoine, agus níor bhraith ach 18% de na daoine idir 18-34 bliana d'aois gurb amhlaidh a bhí. Ar an mbealach céanna, dúirt 18% de na daoine idir 18-34 bliana d'aois gur féidir go dtiocfaidh eolas ábhartha chun bheith ar fáil le linn an ama scoite, agus níor shainaithin ach 4% de na daoine idir 35-54 bliana d'aois gurbh é sin an phríomh-shaincheist a bhí acu. Ba é ba dhóchúla freisin go ndéarfadh an grúpa socheacnamaíoch C2DE agus iad sin a bhfuil na meáin chraolta ar a bpríomhfhoinsé nuachta (39%) nach ndéanann na srianta aon difear don chaoi a gcaitheann daoine vóta.

B.2.8. Iompraíocht vótála sna toghcháin áitiúla agus Eorpacha

Ar deireadh, fiafraíodh de na freagróirí ar chaith siad vóta sna toghcháin áitiúla agus Eorpacha a reáchtáladh le déanaí, agus dúirt 73% díobh gurb amhlaidh a chaith siad vóta agus dúirt 27% gurb amhlaidh nár chaith.

Iompraíocht Vótála sna Toghcháin Áitiúla/Eorpacha a reáchtáladh le déanaí an 7 Meitheamh	% Iomlán	Iomlán
Chaith	73%	726
Níor chaith	27%	271
B'fhearr liom gan é sin a rá	0%	4
<p>C9: An amhlaidh a chaith nó nár chaith tú vóta sna toghcháin áitiúla agus Eorpacha is déanaí an 7 Meitheamh? An bonn: Na freagróirí 18+ uile: 1,001. Rinne IPSOS B&A (©) an suirbhé thar ceann Choimisiún na Meán.</p>		

Mhéadaigh na leibhéil vótála i measc cohóirt níos sine, agus bhí an miondealú cothrom leis an méid seo a leanas: 18-34 (53%), 35-54 (73%) agus 55+ (87%). I measc na réigiún, dúirt 84% de na freagróirí ó Chúige Chonnacht/Uladh gur chaith siad vóta, dúirt 77% díobh ó Chúige Laighean go ndearna siad amhlaidh (seachas Baile Átha Cliath), dúirt 75% díobh ó Chúige Mumhan agus 60% díobh ó Bhaile Átha Cliath go ndearna siad amhlaidh. Dúirt 81% díobh sin a úsáideann na meáin chraolta mar a bpríomhfhoinsé nuachta toghcháin gur chaith siad vóta.

